AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.11.2025
COM(2025) 667 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh 2025

(de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide)

1. RÉAMHRÁ: AONTAS LÁIDIR FUINNIMH A FHORBAIRT

Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá costais arda fuinnimh ar cheann de na dúshláin is mó nach mór don Eoraip aghaidh a thabhairt air. Cé go bhfuil na costais i bhfad níos ísle ná mar a bhí le linn na géarchéime fuinnimh in 2022, tá praghsanna fuinnimh fós i bhfad níos airde ná praghsanna ár n-iomaitheoirí, agus tá siad éagsúil den chuid is mó ar fud Bhallstáit an Aontais, agus tá siad fós ina n-ábhar imní do go leor tionscal agus do go leor saoránach de chuid na hEorpa. Is é spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise allmhairithe is cúis leo den chuid is mó, beagnach **EUR 375 bhilliún in 2024**[1], agus neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha mar gheall ar chomhtháthú neamhiomlán chóras leictreachais an Aontais.

Tá fíor-Aontas Fuinnimh a bhraitheann ar ghiniúint fuinnimh ghlain a tháirgtear sa bhaile, atá bunaithe ar earnáil láidir fuinnimh in-athnuaite agus ar úsáid éifeachtúil, ríthábhachtach do shlándáil agus d'iomaíochas an Aontais agus chun ár gcuspóirí aeráidneodrachta a bhaint amach. Bhí 47 % fuinneamh in-athnuaite bainte amach ag an Eoraip cheana féin ina meascán leictreachais in 2024, agus mar thoradh ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh meastar go ndearnadh thart ar **EUR 120 billiún de choigilteas** i mbillí fuinnimh, rud a réitíonn an bealach do neamhspleáchas fuinnimh.

Go luath in 2025, chuir an Coimisiún i láthair an **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** (CID) ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun praghsanna fuinnimh a ísliú agus poist ardcháilíochta agus na dálaí cearta a chruthú chun go mbeidh rath ar chuideachtaí maidir le maoiniú, príomh-mhargaí, trádáil agus rochtain ar acmhainní. Leis an g**Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, déantar aeráidneodracht a leabú sa bheartas tionsclaíoch trí ghníomhaíochtaí nithiúla a leagan amach chun go mbeidh an dícharbónú ina spreagadh fáis do thionscail na hEorpa. An tráth céanna, tugtar isteach leis an b**Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne** bearta gearrthéarmacha agus struchtúracha chun costais fuinnimh chobhsaí intuartha a sholáthar, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus giniúint in-athnuaite a leathnú, agus leis sin áirithítear gur féidir le gnólachtaí leanúint de bheith iomaíoch agus go leanann tomhaltóirí de bheith ag tairbhiú d'fhuinneamh inacmhainne. I dteannta a chéile, is céim nua iad na tionscnaimh sin chun an tAontas Fuinnimh a chur i gcrích agus chun córas fuinnimh fíor-chomhtháite a bhaint amach ionas go mbeidh fuinneamh glan saor de thionscnamh AE in ann sreabhadh gan bhac ar fud na hEorpa.

Le blianta beaga anuas, bhí tionchar ag an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú go mear ar mhargaí fuinnimh domhanda ar fud na cruinne. Tá úsáid na Rúise as fuinnimh mar uirlis troda tar éis bagairt a dhéanamh ar shlándáil fuinnimh na hEorpa, agus bhí tionchar ag an úsáid sin ar chobhsaíocht eacnamaíoch agus ar fhás an Aontais. Mar fhreagairt air sin, sheol an tAontas an Plean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022 chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise i gcomhréir le Dearbhú Versailles. Faoin tráth seo, áirítear i ngach Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta faoi NextGenerationEU caibidil **REPowereEU** ina bhfuil EUR 65,3 billiún san iomlán d'infheistíocht mheasta. A bhuí leis an ngníomhaíocht thapa chomhordaithe ón Eoraip agus leis an gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, tháinig laghdú ar allmhairí gáis an Aontais ón Rúis ó 45 % in 2021 go 19 % in 2024 agus go 12 % in 2025 (go dtí mí Lúnasa) nuair a cuireadh isteach ar an iompar tríd an Úcráin. A bhuí le hiarrachtaí agus smachtbhannaí an Aontais, tá laghdú tagtha freisin ar allmhairí

[1] *Imports of energy products to the EU down in 2024 - News articles* [Allmhairí táirgí fuinnimh chuig an Aontas síos in 2024 - Ailt nuachta] - Eurostat

ola ón Rúis, ó 27 % i dtús 2022 go 3 % sa chéad leath de 2025[2], fad a cuireadh deireadh iomlán le hallmhairí guail ón Rúis, rinneadh sin de réir a chéile.

Chun spleáchas a laghdú go hiomlán, chomhlíon an Coimisiún a ghealltanas aghaidh a thabhairt i mí na Bealtaine 2025 ar an spleáchas atá ann fós trí **Threochlár chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis** a chur i láthair agus, ina dhiaidh sin, an chéad togra reachtach i mí an Mheithimh. Tá **comhartha láidir polaitiúil** sa togra suntasach seo, atá á chaibidil faoi láthair ag na comhreachtóirí - ní ghlacfaidh an Eoraip a thuilleadh le húsáid na soláthairtí fuinnimh mar uirlis troda. Tá sé sin i gcomhréir leis an 19ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, inar mhol an Coimisiún toirmeasc uile-Aontais ar ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) na Rúise a allmhairiú ón 1 Eanáir 2027, in éineacht le gníomhaíocht níos déine maidir leis an gcabhlach dorcha, agus toirmisc iomlána ar idirbhearta Rosneft agus Gazprom Neft sreafaí airgid ola a thachtadh.

Is í an Eoraip an mhór-roinn atá ag téamh ar an luas is tapúla ar domhan, agus is bagairt í dá rathúnas agus dá slándáil. Trína spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis agus ón gcuid eile den domhan a laghdú, tá sé d'aidhm ag an Aontas ní hamháin a neamhspleáchas fuinnimh a neartú, ach freisin a shaoránaigh a chosaint agus ról lárnach a bheith aige in iarrachtaí dícharbónaithe na hEorpa, ós rud é nach féidir leis an Aontas a bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise nach dtáirgeann sé.

De réir **mheasúnú uile-Aontais an Choimisiúin ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe críochnaitheacha (PNFAnna)**, má chuireann na Ballstáit na PNFAnna chun feidhme in éineacht le beartais an Aontais, beidh an tAontas ag teannadh lena chuspóirí 2030 maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus fuinneamh in-athnuaite. Mar sin féin, tá bearna nach beag san éifeachtúlacht fuinnimh fós, rud a léiríonn go bhfuil gá le bearta breise agus le cur chun feidhme níos láidre chun spriocanna caomhnaithe fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach, mar aon le gníomhaíochtaí breise chun na hinfheistíochtaí agus an maoiniú is gá a áirithiú.

In ainneoin gur cuireadh dlús le hinfheistíochtaí glana le blianta beaga anuas, go háirithe leis an tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí comhtháthaithe, tá na leibhéil infheistíochta atá ann faoi láthair faoi bhun na riachtanas infheistíochta bliantúil measta sa chóras fuinnimh dar luach **EUR 660 billiún** i gcaitheamh na tréimhse 2026-2030 agus leibhéil níos airde fós i gcaitheamh na tréimhse 2031-2040 – riachtanais is gá chun ár spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach[3].

Sa chomhthéacs sin, cuirtear chun cinn sa togra le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) uaillmhianach dar luach EUR 1,98 trilliún don tréimhse 2028-2034 (i leith praghsanna atá ann faoi láthair), méadú faoi chúig ar bhuiséad na **Saoráide um Chónascadh na hEorpa** do bhonneagar fuinnimh trasteorann - **rud a léiríonn go bhfuil géarghá leis an infheistíocht sna heangacha Eorpacha a mhéadú go mór**.

[2] *Quarterly reports highlight solar record and progress away from Russian gas* [Taifead maidir le grianfhuinneamh agus an dul chun atáthar a dhéanamh chun imeacht ó ghás na Rúise curtha i dtábhacht i dtuarascálacha ráithiúla] - an Coimisiún Eorpach
EU imports of energy products - latest developments - Statistics Explained [Allmhairí táirgí fuinnimh an Aontais – na forbairtí is déanaí - Staidreamh Mínithe] - Eurostat

[3] *Energy in the next long-term EU budget: Commission invites input* [Fuinneamh sa chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais: Ionchur iarrtha ag an gCoimisiún]

Is éard atá sa **Tuarascáil** bhliantúil **ar Staid an Aontais Fuinnimh, cleachtadh athbhreithniúcháin bliantúil ar dhul chun cinn an Aontais i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh** agus an **aistrithe chuig fuinneamh glan.**

Cuirtear i láthair i dtuarascáil na bliana seo an dul chun cinn a rinneadh in 2024–2025, ina leagtar amach an chaoi ar fhreagair an tAontas do dhúshláin dhomhanda agus intíre atá ag teacht chun cinn sa chéad bhliain de shainordú an Choimisiúin seo. Tá an tuarascáil roinnte i dtrí chuid: ar an gcéad dul síos, tugtar aghaidh inti ar **dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus tá sé ina bhonn taca le cur chun feidhme chuspóirí agus spriocanna beartais 2030. Déantar anailís sa dara cuid ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an Aontais Fuinnimh** ar fud a chúig ghné, bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe ar thuarascálacha débhliantúla na mBallstát ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na PNFAnna a cuireadh isteach in 2025. Tá **an tríú cuid réamhbhreathnaitheach, rud a réitíonn an bealach chun gníomhaíochtaí cinntitheacha a dhéanamh chun an tAontas Fuinnimh a chur i gcrích agus chun an creat beartais aeráide agus fuinnimh a ullmhú do na 10 mbliana amach romhainn.**

PRÍOMHÉACHTAÍ 2025 I DTREO FÍOR-AONTAS FUINNIMH

- *Leis an b**Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne** a chuir an Coimisiún i láthair an 26 Feabhra 2025 in éineacht leis an g**Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, rannchuideofar le costais fuinnimh a ísliú do thionscail, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh. Tá tacar cuimsitheach beart ann, lena n-áirítear slógadh infheistíochta, borradh a chur faoin tsolúbthacht agus ceadú cuíchóirithe chun soláthar fuinnimh atá glan agus inacmhainne a mhéadú, infheistíochtaí i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh chomh maith le treisiú na n-eangach.*

- *Chun tacú lena chur chun feidhme ghlac an Coimisiún pacáiste treoirdhoiciméad an 2 Iúil 2025 **lena gcuirtear chun cinn infheistíochtaí réamh-mheasta eangaí, teicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite agus cineálacha cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-ainmnítear limistéir bonneagair eangaí agus stórála a ainmniú**, agus **lena n-athbhreithnítear modheolaíochtaí taraifí líonra**, d'fhonn tacú leis na Ballstáit, le húdaráis rialála náisiúnta agus le hoibreoirí eangaí an flít in-athnuaite a leathnú, ár n-eangacha agus pleanáil líonra a threisiú, agus taraifí líonra a dhearadh lena ndreasaítear solúbthacht agus úsáid chostéifeachtúil an líonra.*

- *D'fhógair an Coimisinéir Jørgensen an chéad dá **Chomhaontú Thrípháirteacha maidir le Fuinneamh Inacmhainne lena gcumhdaítear gaoth agus eangacha amach ón gcósta, agus stóráil fuinnimh faoi seach** an 4 Meán Fómhair 2025, agus meastar go gcuirfear i gcrích iad sna míonna amach romhainn. Trí tháirgeoirí fuinnimh, tomhaltóirí tionsclaíocha agus an earnáil phoiblí a ndéanann na Ballstáit agus an Coimisiún ionadaíocht orthu a thabhairt le chéile, leagfar síos leis na conarthaí sin gealltanais fhrithpháirteacha chun leas a bhaint as na hinfheistíochtaí is gá chun fuinneamh inacmhainne de thionscnamh AE a chomhtháthú go tapa sa chóras. Ina theannta sin, tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an acmhainneacht le haghaidh conarthaí comhchosúla in earnálacha eile, amhail bithmheatán, éifeachtúlacht fuinnimh, imoibreoirí modúlacha beaga nó comhtháthú fuinnimh lárionad sonraí.*

- *Tá an tAontas tar éis a spleáchas ar fhuinneamh na Rúise a laghdú go mór: **thit allmhairí gáis ón Rúis (gás píblíne agus GNL) ó 45 % in 2021 go dtí 12 % in 2025 (go dtí mí Lúnasa)**, agus thit allmhairí ola ó 27 % ag tús 2022 go dtí 3 % mar thoradh ar na smachtbhannaí a cuireadh chun feidhme. Is céim mhór chun cinn iad na laghduithe substaintiúla sin, arna spreagadh ag bearta comhordaithe de chuid an Aontais agus ag iarrachtaí i leith éagsúlú soláthair fuinnimh, i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh ón Rúis agus i dtreo slándáil fuinnimh an Aontais a neartú.*

- Sa **Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis** a chuir an Coimisiún chun cinn an 6 Bealtaine 2025, leagadh amach cur chuige comhordaithe chun deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis, ola agus núicléacha ón Rúis isteach san Aontas. *Leis an gcéad **togra reachtach le haghaidh Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis**, áiritheofar go gcuirfear deireadh de réir a chéile ach go héifeachtach le gás agus ola na Rúise, agus go gcaomhnófar slándáil soláthair agus cobhsaíocht an mhargaidh san Aontas an tráth céanna. Déantar foráil ann freisin maidir le bearta chun trédhearcacht agus faireachán ar shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a neartú, trí dheireadh iomlán a chur le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh na Rúise. Leis an 19ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, mhol an Coimisiún toirmeasc uile-Aontais ar GNL na Rúise a iompórtáil ón 1 Eanáir 2027, in éineacht le gníomhaíocht níos déine maidir leis an gcabhlach dorcha, agus toirmisc iomlána ar idirbhearta Rosneft agus Gazpromneft sreafaí airgid ola a thachtadh.*

- *D'éirigh leis an Eastóin, leis an Laitvia agus leis an Liotuáin a n-eangacha leictreachais a shioncrónú le Limistéar Sioncronach Mhór-roinn na hEorpa an 9 Feabhra 2025. Is tionscadal suaitheanta é **sioncrónú na dtíortha Baltacha** lena n-áirithítear slándáil fuinnimh an Aontais, ar thacaigh an Coimisiún leis le tacaíocht pholaitiúil, theicniúil agus airgeadais nach bhfacthas a leithéid le 15 bliana anuas. Áirítear leis sin os cionn EUR 1,23 billiún de dheontais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus EUR 60 milliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.*

- ***Tá an tAontas ag ullmhú don gheimhreadh agus é ar chonair líonta stórála gáis** atá i gcomhréir leis an meán a taifeadadh do 2016-2021 (83 % faoi thús mhí Dheireadh Fómhair) agus ar an mbóthar ceart chun sprioc 90 % an 1 Samhain a bhaint amach. Leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar an Rialachán i dtaca le Stóráil Gáis, soláthraítear níos mó solúbthachta, rud a chuidíonn leis na Ballstáit oibríochtaí stórála a bharrfheabhsú agus an tslándáil fuinnimh a neartú.*

- *Léirítear sna **Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide** (PNFAnna) críochnaitheacha gur **laghdaigh na Ballstáit go mór an bheagna i dtreo sprioctha fuinnimh agus aeráide 2030**, agus*

- *Le **Tascfhórsa um an Aontas Fuinnimh** a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus a seoladh cheana féin i mí an Mheithimh 2025, tugtar le chéile ionadaithe ardleibhéil ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun comhordú a fheabhsú ar fud an Aontais Fuinnimh agus chun rialachas agus tabhairt chun críche an Aontais Fuinnimh a threisiú. Is é is aidhm dó **spreagadh polaitiúil** a thabhairt do phríomhdhúshláin choincréiteacha a mhúnlaíonn ár gcóras fuinnimh comhchoiteann don todhchaí.*

- *Meastar gur thart ar 77 GW (12,9 GW i gcás gaoithe agus 65,5 GW i gcás grianfhuinnimh) **an toilleadh nua suiteáilte fuinnimh in-athnuaite** in 2024 agus gur méadú bliantúil 17 % é sin i gcomparáid le 2023. Le giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, comhdhlúthaíodh a phríomhsheasamh in 2024 san Aontas, rud a chuir 47,3 % den leictreachas iomlán ar fáil. Den chéad uair riamh, bhí an grianfhuinneamh ar an bhfoinse cumhachta is mó san Aontas i mí an Mheithimh 2025.*

- *Le **sprioc 2030 an Aontais maidir le 42,5 % d'fhoinsí in-athnuaite** fuinnimh in ídiú fuinnimh an Aontais (agus arb é is aidhm dó 45 % a bhaint amach), beidh gá le **glacadh i bhfad níos tapúla le foinsí in-athnuaite fuinnimh sna blianta amach romhainn**, agus beidh gá le méadú bliantúil 2,6 pointe céatadáin chun an chéad phointe tagartha eile de 29,7 % a bhaint amach in 2025.*

- *Maidir leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise, **leanann táirgeadh agus ídiú guail de bheith ag laghdú**. Ó 2018 go 2024, laghdaigh an tAontas a ídiú guail chrua agus guail dhonn faoina leath, a bheag nó a mhór.*

- *Tháinig laghdú 4,1 % ar **tomhaltas fuinnimh phríomhúil** san Aontas agus tháinig laghdú 3 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh i gcomparáid le 2022. Tá príomhlaghduithe ar an tomhaltas fuinnimh deiridh le tabhairt faoi deara san earnáil chónaithe, agus ina dhiaidh sin in earnáil na tionsclaíochta agus i seirbhísí.*

- *An 11 Meán Fómhair 2025, seoladh an tionscnamh **Éifeachtúlacht Fuinnimh in FBManna**, chun tacú le hinfheistíochtaí fuinnimh le haghaidh 350 000 Fiontar Beag agus Meánmhéide ar fud na hEorpa le himchlúdach maoinithe nua EUR 17,5 billiún (2025-2027). Leanfaidh an Coimisiún de chaipiteal poiblí agus príobháideach a shlógadh trí chomhghuaillíochtaí, moil náisiúnta, ardáin infheistíochta, tacaíocht BEI, agus spreagfaidh sé bunú uirlisí nua infheistíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.*

- *Leis an ochtú **Clár Léiriúcháin Núicléach** an Choimisiúin ó mhí an Mheithimh 2025, tugtar forléargas cuimsitheach, bunaithe ar fhíricí, ar threochtaí forbartha núicléiche. Chun pleananna na mBallstát a bhaint amach, beidh gá le hinfheistíochtaí nach beag a mheastar a bheith cothrom le EUR 241 bhilliún go dtí 2050 lena gcumhdófar tógáil nua imoibreoirí mórscála agus faduithe saolré ('bunaithe ar an mbunchás' agus toilleadh 109 GW aige). I ndeireadh 2024, bhí 101 imoibreoir cumhachta núicléiche ag oibriú ar fud 12 Bhallstát, nó beagnach an ceathrú cuid de na 400 imoibreoir ag feidhmiú ar fud an domhain.*

- *Bhunaigh an Coimisiún **Ardán Fuinnimh agus Amhábhar an Aontais** chun méid an mhargaidh Eorpaigh a ghiaráil agus chun cuideachtaí Eorpacha a chumhachtú chun táirgí agus amhábhair a bhaineann le fuinneamh a sholáthar go héifeachtach. Tá sásraí éagsúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu hidrigin, amhábhair, bithmheatán, gás nádúrtha leachtaithe (GNL) agus gás nádúrtha a chumhdach.*

- ***Tá dul chun cinn déanta chun tíortha is iarrthóirí a ailíniú le beartais fuinnimh an Aontais** mar chuid de thosaíochtaí níos leithne an mhéadaithe. Tionóladh cruinnithe athbhreithnithe don **Úcráin** agus don **Mholdóiv**, chun measúnú a dhéanamh ar a n-ailíniú le acquis fuinnimh an Aontais. Chuir an Coimisiún an próiseas athbhreithnithe don **Albáin** agus don **Mhacadóin Thuaidh** i gcrích. Tá caibidlíocht ar siúl maidir le Caibidlí 15 (fuinneamh) agus 21 (Líonraí Tras-Eorpacha) de Bhraisle 4 den phróiseas aontachais i gcás na **Seirbia** agus **Mhontainéagró**.*

- *I mí Eanáir 2025, sheol an tUachtarán von der Leyen an **Fóram um Aistriú Fuinnimh Domhanda**, ina ndíreofar ar an gcéad athbhreithniú domhanda riamh a chur i gcrích trí thoilleadh domhanda fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus ráta na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030.*

2. AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LE hAGHAIDH FUINNEAMH INACMHAINNE A BHAINT AMACH

Tá dúshlán práinneach roimh an Aontas Eorpach: **tá an baol ann go dtiocfaidh laghdú ar thacaíocht phoiblí don aistriú fuinnimh de bharr praghsanna arda agus luaineacha fuinnimh, agus tá 47 milliún Eorpach thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh** agus le héagothromaíochtaí praghsanna atá ag dul i méid agus geilleagair mhóra eile atá ag baint an bhoinn d'iomaíochas tionsclaíoch an Aontais.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhcheangailte a bhaineann leis an spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise costasacha, neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh fuinnimh agus easpa comhtháthaithe iomláin an chórais fuinnimh, tá cur chuige cuimsitheach á ghlacadh ag an Aontas chun an tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche. Sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, cuireadh gníomhaíochtaí i láthair chun billí fuinnimh a laghdú sa ghearrthéarma amhail cánacha leictreachais a ísliú, rud a léirigh torthaí i roinnt Ballstát cheana, agus é dírithe ar níos mó bearta struchtúrtha chun córas fuinnimh na hEorpa a nuachóiriú trí infheistíocht a dhéanamh in eangacha agus in idirnascairí, feabhas a chur ar choinníollacha cumasúcháin amhail ceadú agus rialachas, agus borradh a chur faoi tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tá an Coimisiún tiomanta an Plean sin a chur chun feidhme go pras agus tacú leis na Ballstáit ag gach céim. An 21 Deireadh Fómhair, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun praghsanna fuinnimh a ísliú le sraith 7 ngníomhaíocht chun faoiseamh a thabhairt do thionscail agus do thomhaltóirí. Tugtar forléargas in Iarscríbhinn 1 ar an dul chun cinn atá déanta i ngach gníomhaíocht den phlean.

Gníomhaíochtaí na mBallstát lena n-íslítear cánachas fuinnimh

*Thug **an Danmhairg** Bille Airgeadais 2026 isteach lena n-áirítear laghdú ar chánacha leictreachais go dtí íosmhéid an Aontais in 2026-2027. Is laghdú é sin ó thart ar EUR 97/MWh go dtí thart ar EUR 1,1/MWh, nó beagnach nialas. De réir na Danmhairge, beidh coigilteas EUR 134 in aghaidh na bliana (DKK 1 000) ann do dhuine aonair, agus thart ar EUR 533 in aghaidh na bliana (DKK 3 975) do theaghlach oibre i dteach (3 Meán Fómhair).*

*D'fhógair **an Ghearmáin** go bhfuil sé ar intinn aici cánacha leictreachais a chiorrú chuig íosmhéid an Aontais i gcás earnálacha sonracha (tionscal, talmhaíocht, foraoiseacht) a rachaidh chun tairbhe do thart ar 600,000 cuideachta arna dtacú le EUR 1,5 billiún in 2026 agus EUR 3 bhilliún in 2027,*

Córas fuinnimh an Aontais a chomhtháthú a thuilleadh

Tá sé ríthábhachtach an tAontas Fuinnimh a chomhlánú chun neamhéifeachtúlachtaí sa Mhargadh Inmheánach Fuinnimh a shárú. Tá acmhainneacht trasteorann theoranta, easpa comhtháthaithe córais fuinnimh as a dtagann arduithe tobanna ar phraghsanna agus éagothromaíochtaí réigiúnacha ar phraghsanna fós i gceist le córas fuinnimh an Aontais. Leis sin, cuirtear cosc ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as leictreachas glan agus baintear an bonn de shlándáil an tsoláthair. Tá leath de riachtanais bhonneagair trasteorann na hEorpa gan chomhlíonadh fós agus tá scuainí fada ann do tháirgeoirí agus tomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite chun nascadh leis an eangach, rud a chuireann bac ar iomaíochas na hEorpa agus ar an tslándáil fuinnimh agus ar an aistriú fuinnimh.

Tá an **stóráil** ina fíordhúshlán fós: d'ainneoin an fháis is airde riamh, ní raibh toilleadh stórála fuinnimh ceallraí an Aontais ach ag 61 GWh in 2024, agus measann roinnt

meastachán gur gá don Aontas stóras fuinnimh 200 GW a bhaint amach **faoi 2030**, arb ionann é agus 18,5 GW ar a laghad in aghaidh na bliana[4].

Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí leanúnacha sin agus chun dlús a chur leis na tairbhí a bhaineann le hAontas Fuinnimh lán-chomhtháite, sheol an Coimisiún **Tascfhórsa um an Aontas Fuinnimh**. Trí ionadaithe ardleibhéil ón gCoimisiún, ó na Ballstáit, ó chomhlachtaí ábhartha an Aontais agus ó pháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile, cuirfidh an Tascfhórsa barrfheabhas ar an gcomhar polaitiúil maidir le saincheisteanna amhail dlús a chur leis an idirnascacht, stóráil a chur in úsáid, an córas fuinnimh a dhigitiú, ullmhacht a fheabhsú le haghaidh cásanna dúshlánacha don chóras leictreachais, agus feabhas a chur ar phleanáil eangaí ar fud na mBallstát.

I gcomhthráth, chun tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochtaí um Fhuinneamh Inacmhainne, chun costais an chórais fuinnimh a laghdú agus chun tacú leis na Ballstáit an t-aistriú a bhainistiú, ghlac an Coimisiún sraith treoirdhoiciméad. Áirítear orthu sin, *inter alia* **treoir maidir le hinfheistíochtaí réamh-mheasta**, atá ceaptha chun a áirithiú go ndéanfar eangacha leictreachais a leathnú agus a threisiú i gcomhréir leis na riachtanais a bheidh ann amach anseo agus leis an éileamh méadaitheach. Leis an moladh ón gCoimisiún maidir le modheolaíochtaí taraifí líonra cruthófar na comharthaí praghais cearta freisin le haghaidh infheistíocht i solúbthacht, freagairt don éileamh agus úsáid éifeachtúil eangaí. Trí tharaifí a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le riachtanais an chórais, mar shampla trí ghnéithe ama úsáide agus suímh, cuidítear leis an mbuaicéileamh a laghdú, le solúbthacht a fheabhsú chun plódú a sheachaint, agus ar deireadh thiar, costais do thomhaltóirí a laghdú.

Is é is aidhm don **Phacáiste um na hEangacha Eorpacha**, a chuirfear i láthair níos déanaí i mbliana, *inter alia*, ról an Aontais i bpleanáil bonneagair a mhéadú, pleanáil agus soláthar idirnasc trasteorann an Aontais a neartú. I measc a chuspóirí, cuideofar leis an bPacáiste le dlús a chur le forbairt líonraí náisiúnta, le próisis cheadaithe a chuíchóiriú agus a shimpliú le haghaidh eangacha, stóráil agus foinsí in-athnuaite fuinnimh, chomh maith le feabhas a chur ar an sásra comhroinnte costas. Trí chur in úsáid tráthúil tionscadal fuinnimh a éascú agus trí chomhtháthú margaidh a fheabhsú, cuideoidh na bearta sin le scrogaill chórais a laghdú, comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, agus praghsanna a laghdú do thomhaltóirí. Tá an tionscnamh **Mórbhealaí Fuinnimh** á sheoladh ag an gCoimisiún freisin chun deireadh a chur le hocht scrogall ríthábhachtacha i mbonneagar fuinnimh an Aontais trí rialtais agus forbróirí a thabhairt le chéile agus, ar deireadh, fuinneamh níos inacmhainne a thabhairt isteach san Eoraip.

Gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le hinfheistíochtaí eangach

D'fhógair **an Spáinn** riachtanais infheistíochta eangaí de EUR 13,59 billiún faoi 2030 chun freastal ar na méaduithe ar iarrataí ar nascadh leis an eangach. Leis sin, beifear in ann freastal ar 13,1 GW de hidrigin in-athnuaite, 9 GW de ghléasraí tionsclaíocha, 3,8 GW do lárionaid sonraí, 1,8 GW d'fhoirgnimh agus 1,2 GW do chalafoirt. Chun infheistíochtaí den sórt sin a chumasú, tá *dréacht*-togra ar siúl..

Tá costais **EUR 5,2 billiún in aghaidh na bliana** ann cheana féin de thoradh neamhéifeachtúlachtaí in úsáid na n-eangach atá againn cheana i bhfoirm athsheoladh. Mura dtabharfar aghaidh air sin, d'fhéadfadh sé go méadódh sé go EUR 26 billiún in

[4] *New report: European battery storage grows 15% in 2024, EU energy storage action plan needed* [Tuarascáil nua: D'fhás stóras ceallraí na hEorpa 15 % in 2024, tá gá le plean gníomhaíochta le haghaidh stóras fuinnimh an Aontais] - *SolarPower Europe*

aghaidh na bliana faoi 2030. Is féidir le tomhaltóirí tairbhe thart ar EUR 34 bhilliún in aghaidh na bliana a bhaint as trádáil trasteorann leictreachais sa mhargadh inmheánach sa lá atá inniu ann.

Le comhtháthú margaidh níos doimhne agus rialachas níos fearr, is féidir na tairbhí sin a mhéadú go mór trí shreabhadh leictreachais níos rianúla ar fud teorainneacha agus maoirseacht níos fearr ar na próisis ábhartha a áirithiú. Le comhtháthú breise an mhargaidh fuinnimh, is féidir na tairbhí sin a mhéadú suas **le EUR 40-43 billiún in aghaidh na bliana faoi 2030**. Cuirfidh an Coimisiún tús freisin leis an bpróiseas machnaimh maidir le comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais a dhoimhniú trí **Pháipéar Bán maidir le Comhtháthú Níos Doimhne sa Mhargadh Fuinnimh** a foilsiú**.**

Ar deireadh, cuireadh Tascfhórsa um na Margaí Gáis ar bun chun grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh gáis agus chun meastóireacht dhian a dhéanamh ar na próisis mhaoirseachta chun réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint agus chun feidhmiú is fearr na margaí fuinnimh a áirithiú. Tá coinne le torthaí an tascfhórsa, mar aon le moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann, **faoi dheireadh na bliana**, arb é is aidhm dóibh córas fuinnimh níos athléimní agus níos éifeachtúla a chothú don todhchaí.

Dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan

Tá meascán fuinnimh an Aontais ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise fós, a allmhairítear den chuid is mó. In 2023, tháinig thart ar 70 % den fhuinneamh ídíodh san Aontas ó fhoinsí iontaise, agus allmhairítear beagnach 90 % de sin. In 2024, amháin, bhí an costas allmhairiúcháin don Eoraip os cionn EUR 375 bhilliún.

Chun tacú le hídiú breoslaí iontaise ar phraghas níos airde, leithdháil na Ballstáit, a bheag nó a mhór, **aon chúigiú níos mó cistí poiblí** ar fhóirdheontais breosla iontaise in 2024 (+ 18 %) ná mar a leithdháil siad in 2021 (an bhliain roimh an ngéarchéim), cé gur tháinig laghdú níos mó ná aon trian ar leibhéal na bhfóirdheontas sin i gcomparáid le 2023 (- 34 %) agus gur laghdaigh siad faoina leath i gcomparáid leis an mbliain inar cuireadh isteach ar an soláthar fuinnimh 2022 (- 49 %)[5]. Tá an spleáchas sin ar bhreoslaí allmhairithe ina riosca mór do shlándáil fuinnimh agus d'athléimneacht fuinnimh an Aontais[6] agus cuireann sé isteach ar an iomaíochas trí dhreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú fuinnimh a shaobhadh.

Dá bhrí sin, ní mór don Aontas táirgeadh fuinnimh ghlain de thionscnamh AE a éagsúlú agus a leathnú.


Tá dul chun cinn nach beag le feiceáil cheana féin. Idir 2021 agus 2023, shábháil tomhaltóirí leictreachais an Aontais EUR 100 billiún a bhuí le giniúint leictreachais ó thoilleadh nua fótavoltach gréine agus cumhachta gaoithe, rud a léiríonn a

[5] *Study on Energy Subsidies - 2025 edition* [Staidéar ar Fhóirdheontais Fuinnimh - eagrán 2025], Enerdata, Trinomics agus SEVEn (réamhshonraí).

[6] Níor thug ach thart ar leath de na Ballstáit aghaidh go páirteach ar dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise ina PNFAnna de réir an mheasúnaithe uile-Aontais ar na PNFAnna críochnaitheacha (COM(2025) 274, 27.5.2025).

thábhachtaí atá sé féidearthacht an fhuinnimh in-athnuaite a scaoileadh chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus costais níos ísle a laghdú[7].

Tá sé fíor-riachtanach an eangach a leathnú go tapa agus iad a chomhtháthú, agus acmhainneacht leictreachais in-athnuaite ag fás go tapa – thart ar 77 GW curtha léi in 2024 amháin, lena n-áirítear 12,9 GW gaoithe agus 65,5 GW d'acmhainneacht fhótavoltach gréine nua – agus méadú bliantúil ar an acmhainneacht leictreachais in-athnuaite ar cheart di a bheith chomh hard le 100 GW suas go dtí 2030 mar a chuirtear i dtábhacht sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Is réamhriachtanas é cur chun feidhme tapa na rialacha a glacadh le déanaí, go háirithe na rialacha maidir le ceadúdúchán níos tapúla, chun tacú leis an luathú ríthábhachtach sin.



Gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le ceadú

*I gcás foinsí in-athnuaite fuinnimh, tá aitheantas sainordaitheach tugtha isteach ag **Éirinn**, maidir le hiomláine an iarratais nó maidir le hiarraidh ar thuilleadh faisnéise laistigh de 45 lá; socraíonn sé sprioc-amanna cinnidh ag brath ar thoilleadh (52 sheachtain i gcás ≥ 150 kW, 30 seachtain i gcás <150 kW nó athchumhachtú); an ceanglas nach féidir leis na húdaráis raon feidhme MTC a leathnú tar éis tuairim a thabhairt (an 12 Lúnasa 2025).*

*Rinne **an Iodáil** réamh-athbhreithniú (faoi réir fhormheas na Parlaiminte) ar an reachtaíocht cheadaithe inar moladh deireadh a chur le bacainní ar idirghabhálacha nach n-éilíonn úsáid nua talún, comhtháthú rianúil stórála, córas níos tapúla le haghaidh tionscadail nach bhfuil aon tionchar acu ar an gcomhshaol nó ar teoranta é an tionchar atá acu ar an gcomhshaol, simpliú na bpróiseas*

Foinse: *Eurostat, WindEurope, Solar Power Europe*

Is éard atá sa mhéadú ar éifeachtúlacht fuinnimh freisin ár spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. Laghdú 2,6 % ar allmhairí gáis is ea gach 1 % den fheabhsú a dhéantar ar éifeachtúlacht fuinnimh. Tá ról cinntitheach ag iarrachtaí leanúnacha chun éifeachtúlacht a fheabhsú maidir le slándáil fuinnimh a fheabhsú agus praghsanna agus costais fuinnimh a ísliú. Tá rannchuidiú na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh chun billí allmhairiúcháin breosla iontaise a laghdú thart ar 25 %.

[7] Cé mhéad airgid a shábhálann tomhaltóirí na hEorpa a bhuí le foinsí fuinnimh in-athnuaite? – Nuashonrú ar an Margadh Foinsí Fuinnimh In-athnuaite - Meitheamh 2023 – Anailís - IEA

Chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, díreoidh an Coimisiún a iarrachtaí ar 10 réimse shonracha a leagtar amach sa **Treochlár maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh**. I measc na dtionscnamh sin tá tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na rialachán maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus iad a shimpliú, margadh intrádála éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt agus comhoibriú agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú. Seoladh an **tionscnamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh FBManna** an 11 Meán Fómhair. Le hiarracht chistiúcháin bhreise EUR 17,5 billiún a rinne Grúpa BEI, bainfear úsáid as meascán de tháirgí airgeadais atá ann cheana agus táirgí airgeadais nua, lena n-áirítear ionstraimí fiachais agus cothromais, tacófar le rolladh amach teicneolaíochtaí

Gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le héifeachtúlacht fuinnimh

*Formheas **na hIodáile** ar an scéim Conto Termico 3.0, lena gcumasaítear dreasachtaí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh teirmeach in-athnuaite i bhfoirgnimh phoiblí (EUR 400*

cruthaithe coigilte fuinnimh do FBManna, lena n-íslítear a mbillí fuinnimh agus lena gcuirtear borradh faoina n-athléimneacht agus faoina n-iomaíochas. Is mór an fonn atá ar FBManna réitigh airgeadais den sórt sin a ghlacadh chun dícharbónú a dhéanamh agus a bheith níos athléimní agus níos iomaíche.

Infheistíochtaí fuinnimh ghlain

Chun a spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach, measann an Coimisiún nach mór don Aontas **os cionn EUR 660 billiún in aghaidh na bliana** a shlógadh idir 2026 agus 2030 agus **EUR 695 bhilliún in aghaidh na bliana ó 2031 go 2040** le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le fuinneamh amhail fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht eangaí.

Is léir go bhfuil croílár na hinfheistíochta a bhaineann le fuinneamh ar leibhéal an Aontais dírithe ar dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, tomhaltas fuinnimh a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, solúbthacht a threisiú, idirnascairí a chur in úsáid agus bonneagar leictreachais a uasghrádú.

Cé gur gá formhór na n-infheistíochtaí sin a theacht ó **chaipiteal príobháideach**, ní mór cistiú poiblí a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh. Chuige sin, tá gá le cur chuige solúbtha, lena n-úsáidfear meascán comhordaithe de **ghníomhaíochtaí neamhairgeadais** agus **tacar uirlisí cuimsitheach d'ionstraimí airgeadais** – ó shásraí dí-riosca go réitigh lena bhfeabhsaítear an toradh airgeadais agus lena bhfeabhsaítear an t-airgeadas struchtúrtha – chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sonracha atá roimh réimse iomlán na n-infheisteoirí, ó **infheisteoirí móra institiúideacha go bainc thráchtála agus forbróirí tionscadail**, i ngach cuid den earnáil fuinnimh.

Trí chistí an Aontais a dhíriú ar acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a leathnú agus ar stóras leictreachais ar mórscála agus, an tráth céanna, ar eangacha tarchurtha agus dáileacháin a nuachóiriú ar fud na mBallstát, rannchuidíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an gcuspóir sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú go 42,5 % ar a laghad faoi 2030. In éineacht le hinfheistíochtaí, tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis na Ballstáit chun athchóirithe cumasúcháin infheistíochta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh dlús a chur le ceadú fuinnimh in-athnuaite, rochtain níos tapúla ar na heangacha agus córas leictreachais níos solúbtha. Meastar go soláthrófar leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta 61 GW d'acmhainneacht shuiteáilte nua in-athnuaite chun roinnt billiún méadar ciúbach de ghás nádúrtha a shábháil, soláthrófar leictreachas do thart ar 40 milliún teaghlach, agus déanfaidh sé níos mó ná 10 000 km d'eangacha

leictreachais a nuachóiriú agus a thógáil. **Úsáideadh sciar mór den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe le haghaidh foirgneamh.** As an EUR 723,8 billiún a bhí ar fáil faoin tsaoráid aisghabhála, úsáideadh EUR 106,5 billiún chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chistiú, arb é sin 15 % de na cistí.

Mar obair leantach ar an bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, tá an Coimisiún ag cur dlús leis na hiarrachtaí faoi rialacha an mhargaidh leictreachais chun billí leictreachais a dhíchúpláil ó luaineacht praghsanna trí bhorradh a chur faoi ghlacadh conarthaí fadtéarmacha soláthair leictreachais. Ghlac **Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)** ról ceannasach ina leith sin, **agus roinnt táirgí airgeadais le tacaíocht InvestEU á seoladh aige, amhail EUR 500 milliún d'fhrithráthaíochtaí le haghaidh Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCCanna)** glaine chun tacú le hiontaofacht tionscadal nua giniúna fuinnimh in-athnuaite agus ceannaitheoirí a dhí-rioscú, agus **clár EUR 1,5 billiún a sheoladh chun ráthaíochtaí bainc a sholáthar do mhonaróirí comhpháirteanna eangaí Eorpacha.** Thairis sin, leathnaigh sé cumas cistithe an Phacáiste um Chumhacht Gaoithe ó EUR 5 bhilliún go EUR 6,5 billiún, agus bhunaigh sé táirge ráthaíochta nua EUR 250 milliún le haghaidh teicneolaíocht ghlan atá ag teacht chun cinn agus a dtacóidh InvestEU leis freisin.

Is é an **Ciste don Nuálaíocht** ciste infheistíochta suaitheanta an Aontais i dteicneolaíochtaí glana an-nuálach. Agus cistiú measta EUR 40 billiún ar fáil idir 2020 agus 2030, tá an clár cistithe go hiomlán ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), a thacaíonn le neamhspleáchas fuinnimh.

Soláthraítear leis an g**Ciste don Nuachóiriú** tacaíocht infheistíochta freisin, arna chistiú go hiomlán ó CTA AE. Ó bhí mí Eanáir 2021 ann, deimhníodh thart ar 200 scéim agus tionscadal aonair le haghaidh méid iomlán EUR 19,1 billiún, méid a eisíocadh leis na Ballstáit is tairbhithe. Baineann na tionscnaimh sin den chuid is mó le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh agus nuachóiriú na líonraí fuinnimh.

I réimse an fhuinnimh núicléach, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-ochtú **Clár Léiriúcháin Núicléach** an 13 Meitheamh 2025, ina dtugtar forléargas cuimsitheach, bunaithe ar fhíricí ar riachtanais infheistíochta núicléiche chun pleananna na mBallstát a bhaint amach, agus ina sainaithnítear réimsí inar cheart tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht na mBallstát. Teastaíonn infheistíochtaí thart ar EUR 241 bhilliún i dtéarmaí luacha láithrigh i leith an 'bhuncháis', agus EUR 205 bhilliún atá i dtógáil nua imoibreoirí mórscála agus EUR 36 bhilliún atá i síntí saolré. Deimhnítear leis na sonraí oibríochtúla a fuarthas le déanaí go bhfuil flít núicléach an Aontais ag feidhmiú ar leibhéal ardtoillte os cionn 80 %, rud a chuireann le soláthar bonnualaigh agus le spriocanna dícharbónaithe, agus gur gné thábhachtach é an tráth céanna don iomaíochas tionsclaíoch agus do shlándáil an tsoláthair i mBallstáit áirithe.

Tá gá le straitéis infheistíochta fadtéarmaí chun tionchar iomlán na n-athchóirithe sin a bhaint amach. Leis an **Straitéis Infheistíochta um Fhuinneamh Glan** atá ar na bacáin, tabharfar aghaidh ar bhacainní sistéamacha ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, bonneagar, stóráil agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus leagfar amach gníomhaíochtaí chun leas a bhaint as caipiteal príobháideach agus cistiú poiblí a ghiaráil ar bhealach níos fearr.

Ina theannta sin, le forbairt breoslaí malartacha inbhuanaithe, go háirithe le haghaidh na n-earnálacha eitlíochta agus muirí, cuirtear deiseanna láidre ar fáil chun slándáil fuinnimh na hEorpa a fheabhsú, agus trí chumais agus nuálaíocht intíre a threisiú.

Leagtar amach sa Phlean Infheistíochta don Iompar Inbhuanaithe atá ar na bacáin réimse beart ábhartha i ndáil leis sin.

Ar deireadh, trí **Chomhaontuithe Tripháirteacha maidir le Fuinneamh Inacmhainne** do thionscal na hEorpa a ullmhú, lena dtugtar le chéile rialtais, táirgeoirí, tomhaltóirí tionsclaíocha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, cuideofar a thuilleadh le leas a bhaint as na hinfheistíochtaí is gá trí intuarthacht a mhéadú, trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí tionscadail agus ar bhacainní ar a n-úsáid, trí chostais chistiúcháin a laghdú agus trí bhonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú. Le linn na Comhairle Fuinnimh neamhfhoirmiúla a tionóladh i gCóbanhávan an 4 Meán Fómhair, d'fhógair an Coimisinéir Jørgensen an chéad dá **chomhaontú thripháirteacha maidir le gaoth amach ón gcósta agus eangacha, agus maidir le stóráil**, a bhfuil coinne leo sna míonna amach romhainn. Breithneoidh an Coimisiún, i gcomhar le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit, earnálacha tosaíochta eile a d'fhéadfadh a bheith ann amhail bithmheatán, éifeachtúlacht fuinnimh, imoibreoirí modúlacha beaga agus comhtháthú fuinnimh lárionad sonraí.

Le teacht in ionad an Chreata Shealadaigh Géarchéime agus Aistrithe, beidh glacadh **Chreat Státchabhrach an Chomhaontaithe i ndáil le Tionsclaíocht Ghlan** a glacadh an 25 Meitheamh 2025 ina phríomhchumasóir freisin chun dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh ghlain agus leis an dícharbónú tionsclaíoch. Is é is aidhm dó státchabhair le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, dícharbónú tionsclaíoch agus monaraíocht teicneolaíochta glaine a chuíchóiriú trína chur ar a gcumas do na mBallstát deontais agus dreasachtaí cánach a chur in úsáid faoi choinníollacha níos soiléire chun iomaíochas an

Státchabhair na mBallstát

*EUR 960 billiún i Státchabhair ón **tSeicia** le haghaidh infheistíocht i ngníomhaíochtaí monaraíochta i dtáirgeadh trealaimh ghlain (ceallraí, painéil fhótavoltacha, tuirbíní gaoithe, teaschaidéil, leictrealóirí, GÚSC) agus amhábhair faoi seach (18 Márta 2025).*

*Scéim Státchabhrach **na Gearmáine** dar luach EUR 5 bhilliún arna formheas ag an gCoimisiún chun cabhrú le tionscail atá faoi réir CTA a bpróisis a dhícharbónú trí leictriú, hidrigin, GÚSC agus éifeachtúlacht fuinnimh. Is éard a bheidh ann conarthaí difríochta carbóin dhá threo lena mbainfidh deontais bhliantúla bunaithe ar thairiscintí cuideachtaí agus ar éabhlóid CTA agus praghsanna fuinnimh, chun costais bhreise ón dícharbónú a chumhdach (24 Márta 2025).*

Scéim laghdaithe tobhaigh leictreachais EUR 612 bhilliún na Portaingéile (75-85 %) le haghaidh earnálacha a bhraitheann go mór ar leictreachas agus atá neamhchosanta go háirithe ar thrádáil idirnáisiúnta, faoi choinníollacha áirithe (24 Aibreán 2025).

*Deontas státchabhrach infheistíochta dírí ón **Rómáin** chun líonra téimh ceantair bhardas Bhúcairist a*

Aontais a neartú mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan níos leithne.

Fuinneamh a dhéanamh inacmhainne sa mheántéarma agus san fhadtéarma

Agus foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta ag laghdú chostas an leictreachais cheana féin, is gá anois córas fuinnimh comhtháite a chruthú lena gcuirfear dlús cliste leis an leictriú, lena ndéanfar éifeachtúlacht agus solúbthacht fhoriomlán an chórais a fheabhsú trí fhoinsí in-athnuaite atá saor agus flúirseach a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ar fud na n-earnálacha.

Sa chéad sraith gníomhaíochtaí eile faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne mar a liostaítear san Iarscríbhinn, díreofar ar athruithe struchtúracha chun

an t-aistriú sin a dhéanamh. Tagraíonn sé sin, mar shampla, don **Phlean Gníomhaíochta um Leictriúchán agus an Straitéis um Théamh agus Fuarú** chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar leictriú agus chun leas a bhaint as acmhainneacht an leictreachais ghlain agus comhtháthú an chórais fhuinneamhéifeachtúil. Tabharfar tuilleadh tacaíochta do na tionscnaimh sin leis an **Treochlár Straitéiseach maidir leis an Digitiú agus an Intleacht Shaorga (IS)**, arb é is aidhm dó céimeanna inghníomhaithe a dhéanamh den dul chun cinn i réitigh dhigiteacha agus i dteicneolaíochtaí intleachta saorga a rachaidh chun tairbhe na n-aistrithe fuinnimh agus digiteacha agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar dhúshláin agus ar rioscaí amhail tomhaltas lárionad sonraí a chomhtháthú i gcóras fuinnimh an Aontais.

Is é is aidhm do **Phacáiste Fuinnimh na Saoránach** treoir a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir le tomhaltóirí aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, tairbhiú de agus é a éileamh, lena n-áirítear mar chuid de phobal fuinnimh nó trí chomhroinnt fuinnimh.

Gné thábhachtach d'inacmhainneacht fhoriomlán tithíochta is ea an inacmhainneacht fuinnimh. Tá éagsúlachtaí nach beag ann maidir le bheith neamhchosanta ar bhochtaineacht fuinnimh ar fud grúpaí socheacnamaíocha sa ghearrthéarma[8] agus san fhadtéarma araon[9]. Tá difreálacha suntasacha ann freisin i rátaí bochtaineachta fuinnimh ar fud Bhallstáit an Aontais. Glacfaidh an Coimisiún an chéad **Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne** faoi dheireadh na bliana, arb é is aidhm dó tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar spreagthaí struchtúracha na géarchéime tithíochta agus leas a bhaint as infheistíocht phoiblí agus phríobháideach le haghaidh tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe[10]. Leis sin, áirítear oibríochtú an Ardáin Infheistíochta Uile-Eorpaigh um Thithíocht Inacmhainne agus Inbhuanaithe, a seoladh le BEI, le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus le hinstitiúidí airgeadais eile, lena gcuirfear infheistíocht inbhuanaithe i dtionscadail tithíochta chun cinn ar fud an Aontais freisin.

Leis an g**Ciste Aeráide Sóisialta** tacófar le hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus in athchóiriú foirgneamh, i dtéamh agus fuarú glan agus i gcomhtháthú fuinnimh in-athnuaite chomh maith le réitigh soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha agus ísle. Is é príomhsprioc an Chiste, i gcomhthráth le CTA2, aistriú cothrom chuig an aeráidneodracht a áirithiú trí thacú leis na grúpaí leochaileacha is mó a ndéantar difear dóibh, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh nó iompair.

Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de **Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET)** a ghiaráil, atá ar cheann de phríomhionstraimí 5ú colún an Aontais Fuinnimh maidir le taighde, nuálaíocht agus iomaíochas, chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a gcostais a laghdú trí iarrachtaí comhordaithe taighde agus nuálaíochta.

3. MACHNAMH A DHÉANAMH AR CHUR CHUN FEIDHME 2030: BONN FIANAISE DON CHÉAD CHÉIM EILE DEN AONTAS FUINNIMH

8 Koukoufikis, G., Ozdemir, E., agus Uihlein, A., Shedding Light: *Unveiling the Dynamics of Energy Poverty in the EU* [Dinimic na Bochtaineachta Fuinnimh san Aontas Eorpach a nochtadh], Oifig Foilseachán an Aontais, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/7432189, JRC138567.

9 Ozdemir, E., agus Koukoufikis, G., *The persistence of energy poverty in the EU* [Bochtanas fuinnimh fós ann san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/745025, JRC138409.

10 Rinneadh roinnt anailíse tuairisciúla ar an tsaincheist sin in Ozdemir, E., agus Koukoufikis, G., *Addressing Housing Affordability and Energy Poverty: A Dual Challenge for the EU* [Aghaidh a thabhairt ar Inacmhainneacht Tithíochta agus Bochtanas Fuinnimh: Dédhúshlán don Aontas Eorpach], an Coimisiún Eorpach, Petten, 2025, JRC140895. Ina theannta sin, tá tuarascáil chuimsitheach atá le teacht á hullmhú ag údair an staidéir sin faoi láthair maidir leis an anailís ar na treochtaí in athrú ar phraghsanna tithe agus inacmhainneacht caiteachas a bhaineann le costais tithíochta ag teaghlaigh.

Faoi 2025, chuir beagnach gach Ballstát[11] a PNFA comhtháite nuashonraithe isteach. Tá na pleananna sin ríthábhachtach chun Eoraip atá cothrom, athléimneach agus neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach, agus chun na hinfheistíochtaí a bhfuil géarghá leo don aistriú aeráide agus fuinnimh a stiúradh.

Léirítear i measúnú an Choimisiúin ar na pleananna[12] go bhfuil feabhas nach beag curtha ag na Ballstáit ar a bplean tar éis na moltaí ón gCoimisiún maidir leis na dréachtaí, agus mar thoradh air sin go bhfuil laghdú substaintiúil tagtha ar an mbearna atá ann spriocanna comhaontaithe fuinnimh agus aeráide 2030 a bhaint amach. Mar sin féin, tá gá le níos mó uaillmhéine agus níos mó iarrachta ó na Ballstáit chun go bhfanfaidh siad ar an gconair i dtreo an sprioc a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Ní leor freisin creat anailíseach feabhsaithe agus gníomhaíocht spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe cothroime, post agus scileanna an aistrithe. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn straitéisí cuimsitheacha sna pleananna chun cistiú poiblí agus príobháideach a shlógadh. Is beag acu a shonraigh na foinsí maoiniúcháin, a rinne measúnú ar an leibhéal tacaíochta poiblí is gá agus a phléigh conas is féidir infheistíocht phríobháideach a shlógadh. Léiríonn sé sin luach an phróisis atriallaigh agus chomhoibrithigh idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Leis an dul chun cinn sin, tacaítear freisin le cuspóir aeráidneodrachta 2050 agus leis an gcreat aistrithe i gcoitinne, lena nasctar neamhspleáchas fuinnimh, slándáil an tsoláthair, iomaíochas agus spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise.

Faoin 15 Márta 2025, bhí na Ballstáit le tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena PNFAnna a chur chun feidhme. Cumhdaíodh sa tuairisciú sin an dul chun cinn i dtreo a spriocanna, a gcuspóirí agus a rannchuidithe ar fud na gcúig ghné den Aontas Fuinnimh, lena n-áirítear maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, chomh maith le beartais agus bearta na mBallstát agus a gcistiú a chur chun feidhme nó a leasú.

Thairis sin, bhí ar na Ballstáit tuairisciú ar an dul chun cinn i leith a spriocanna oiriúnaithe , tionchar a gcuid beartas agus beart ar cháilíocht an aeir agus astaíochtaí truailleán aeir, chomh maith leis na céimeanna a rinneadh chun idirphlé il-leibhéil a bhunú maidir le fuinneamh agus aeráid.

Ar bhonn na dtuarascálacha sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn atá déanta agus rinne sé machnamh ar sheasamh an Aontais maidir lena uaillmhianta aeráide agus fuinnimh don bhliain 2030 a bhaint amach[13]. Foilsítear **measúnú iomlán an Choimisiúin ar thuarascálacha débhliantúla na mBallstát** in éineacht leis an Tuarascáil seo. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú sa **Tuarascáil bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide** ar dhul chun cinn an bheartais

[11] Seachas an Pholainn

[12] Áirítear sa phacáiste a foilsíodh an 28 Bealtaine 2025 measúnú uile-Aontais ar na PNFAnna críochnaitheacha nuashonraithe, Doiciméad Inmheánach Oibre ina bhfuil measúnuithe aonair ar 23 phlean náisiúnta, agus treoir chun cur chun feidhme a éascú. Comhlánaítear é sin le Doiciméad Inmheánach Oibre ina bhfuil measúnú ar phleananna náisiúnta na Slóvaice agus na hEastóine a foilsíodh an 2 Deireadh Fómhair 2025. . Chuir an Bheilg a plean críochnaitheach isteach an 7 Deireadh Fómhair 2025 agus tá measúnú á dhéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin air faoi láthair. Iarrtar ar an bPolainn a PNFA críochnaitheach nuashonraithe a chur isteach a luaithe is féidir.

[13] Tá ar gach Ballstát tuairisciú don Choimisiún gach 2 bhliain maidir le stádas chur chun feidhme a phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide trí thuarascáil chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn lena gcumhdófar gach ceann de chúig ghné an Aontais Fuinnimh. I gcás ina bhféadtar, baineann an tuairisciú agus an measúnú úsáid as staidreamh fuinnimh inchomparáide. Dá thoradh sin, i limistéir áirithe baineann na sonraí comhdhlúite is déanaí le 2022 nó 2023.

aeráide faoin Rialachán Rialachais. Tá achoimre ar na gnéithe is tábhachtaí den mheasúnú sna ranna thíos.

3.1 **Dícharbónú**

In **2024**[14], **tháinig laghdú 2,5 %** ar **ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa**, lena n-áirítear úsáid na talún, athrú ar úsáid na talún, agus foraoiseacht (ÚTAÚTF) agus astaíochtaí idirnáisiúnta muirí agus eitlíochta faoi sprioc-raon feidhme an Aontais, **i gcomparáid le 2023**. **Leanann astaíochtaí den chonair anuas a breathnaíodh tar éis an titim eisceachtúil 9 % a baineadh amach in 2023.** Bhí astaíochtaí 37,2 % níos ísle ná mar a bhí in 1990 (nó 39 % nuair nach gcuirtear ach glanastaíochtaí intíre san áireamh), agus bhí OTI 71 % níos airde, rud a chiallaíonn go leanann an fás eacnamaíoch de bheith ag díchúpláil ó astaíochtaí.

In 2024, bhain **Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais** (CTA AE) amach laghdú breise ar astaíochtaí ó shuiteálacha cumhachta agus tionscail, le laghdú 5,8 % i gcomparáid le leibhéil 2023. Fágann sé sin go bhfuil na hastaíochtaí sin thart ar 50 % faoi bhun leibhéil 2005. Tháinig méadú thart ar 15 % ar astaíochtaí **eitlíochta** a chumhdaítear le CTA AE i gcomparáid le 2023, cé gur raon feidhme geografach méadaithe ba chúis le thart ar leath den mhéadú sin[15]. Sna h**earnálacha Comhroinnte Díchill**, d'fhan astaíochtaí ar leibhéal comhchosúil i gcomparáid le 2023. Léiríonn sonraí sealadacha 2024 i leith astaíochtaí GCT agus aistrithe GCT ón úsáid talún, ón athrú ar úsáid na talún, agus ó earnáil na foraoiseachta (**ÚTAÚTF**) méadú thart ar 7 % (nó 15 MtCO2-eq) i nglanlinnte carbóin i gcomparáid le 2023, cé go bhfuil sonraí neasluacha fós faoi réir athbhreithnithe móra (chun tuilleadh sonraí a fháil féach Tuarascáil 2025 ar an Dul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide).

In 2023, shroich an tAontas sciar **24,6 % d'fhuinneamh in-athnuaite** san olltomhaltas fuinnimh deiridh, méadú 1,5 pointe céatadáin i **gcomparáid le 2022**.

Ar an meán, tá méadú 0,8 pointe céatadáin in aghaidh na bliana tagtha ar sciar foriomlán an fhuinnimh in-athnuaite ó bhí 2020 ann. **Tá dul chun cinn láidir déanta in earnáil an leictreachais**, agus tháinig méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite ó 37,4 % in 2020 go 45,3 % in 2023. Bhain 15 % den ídiú leictreachais san Aontas le gaoth ar talamh, agus ina dhiaidh sin bhí fuinneamh fótavoltach gréine ag 9 % agus bithbhreoslaí ag 3 %.

Bhí **an dul chun cinn in earnáil an téimh agus an fhuaraithe** (ó 23,0 % go 26,2 %) **agus in earnáil an iompair** (ó 10,3 % go 10,8 %) níos **teoranta**. Le sprioc 2030 an Aontais maidir le 42,5 % d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh in ídiú fuinnimh an Aontais (agus arb é is aidhm dó 45 % a bhaint amach), beidh gá le **glacadh i bhfad níos tapúla le foinsí in-athnuaite fuinnimh sna blianta amach romhainn**, agus beidh gá le méadú bliantúil 2,6 pointe céatadáin chun an chéad phointe tagartha eile de 29,7 % a bhaint amach in 2025 (i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Rialachas). In earnáil an téimh agus an fhuaraithe, tagann táirgeadh fuinnimh in-athnuaite go príomha ó bhithmhais (86.6 Mtoe) agus ó theaschaidéil (19 Mtoe), agus tá ról measartha beag ag grianfhuinneamh teirmeach.

[14] Na sonraí oifigiúla is déanaí de chuid an Aontais maidir le gás ceaptha teasa (GCT) a chuir an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i mí an Mhárta 2025 agus neas-astaíochtaí GCT a chuir Ballstáit an Aontais faoi bhráid EEA i mí Iúil 2025.

[15] Rinneadh eitiltí nach eitiltí intíre iad chuig aerfoirt sna réigiúin is forimeallaí agus uathu a chur san áireamh arís.

Tá an t-iompar i measc na n-astaírí gás ceaptha teasa is airde, rud a fhágann gur gá iarrachtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú trí dhul chun cinn a dhéanamh i soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus i mbreoslaí malartacha inbhuanaithe, go háirithe sna hearnálacha eitlíochta agus muirí. Maidir leis an iompar, soláthraíodh fuinneamh in-athnuaite le bithbhreoslaí (18 Mtoe) den chuid is mó, ar mó é ná leictreachas (2 Mtoe).

Chun na spriocanna aeráide maidir le dícharbónú eitlíochta a leagtar síos sa chreat 'ReFuelEU Aviation' a bhaint amach, ní mór don Eoraip ullmhú chun 3 mhilliún tona de Bhreosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) a tháirgeadh/a allmhairiú, lena n-áirítear 600 míle tona de leictrea-SAF, faoi 2030, agus méaduithe réamh-mheasta go 35 mhilliún tona SAF, lena n-áirítear 17 milliún tona de leictrea-SAF, faoi 2050.

Maidir leis an earnáil uisce-iompartha, meastar go mbeidh gá le 1,5 Mt de Bhreoslaí Muirí Inbhuanaithe (SMF) faoi 2030. Ag bogadh i dtreo 2035, beidh thart ar 6,4 Mt de bhith-SMF agus 4,6 Mt de leictrea-SMF ag teastáil ina leith.

Leis na spriocanna sin, beidh éileamh ard ar úsáid bithbhreoslaí inbhuanaithe agus breoslaí díorthaithe ó RFNBO araon, go háirithe tar éis 2030.

In ainneoin an mhéadaithe ar leibhéal an Aontais, lean sciar an fhuinnimh in-athnuaite den tomhaltas fuinnimh iomlán in 2023 de bheith an-éagsúil ar fud na mBallstát, rud a léiríonn staideanna tosaigh éagsúla gach Ballstáit. Bhain an tSualainn an sciar fuinnimh in-athnuaite ab airde amach in 2023 (66 %), agus ina dhiaidh sin an Fhionlainn (51 %), an Danmhairg (44 %) agus an Laitvia (43 %), agus bhí an sciar ab ísle (níos lú ná 16 %) ag Lucsamburg, ag an mBeilg, ag Málta agus ag Éirinn.

I bhfianaise an tomhaltais náisiúnta agus na n-aistrithe staidrimh ar tugadh fógra fúthu faoi láthair, bhí sciar fuinnimh in-athnuaite fós ag dhá **Bhallstát in 2023 faoi bhun a sprice ceangailtí maidir le fuinneamh in-athnuaite do 2020 faoi Threoir 2009 maidir le Fuinneamh In-athnuaite: An Fhrainc agus Éire, an dá thír 0,7 pointe céatadáin níos ísle ná sprioc bhunlíne 2020.** Dá dheasca sin, bhí ar na Ballstáit sin, laistigh d'aon bhliain amháin, bearta breise a dhéanamh chun an bhearna a líonadh laistigh den chéad bhliain eile. Thairis sin, **níor chomhlíon** trí Bhallstát **a bpointe tagartha don bhliain 2022[16].** Tá coinne leis go míneodh na Ballstáit sin sa chéad tuarascáil chomhtháite eile ar dhul chun cinn conas a bhí sé beartaithe acu an bhearna a dhúnadh[17].

Ar an iomlán, tá dul chun cinn déanta maidir le hathchóirithe ceadaithe a chur chun feidhme agus forbairt dhearfach ann sna Ballstáit. Agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le ceadú, sainaithníodh 1200 beart náisiúnta, agus measadh go raibh 520 de na beart náisiúnta sin ailínithe go láidir.[1] Rinneadh roinnt mhaith de na bearta sin le déanaí agus ní mór dóibh a n-éifeachtaí iomlána a léiriú fós. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, d'fhógair an Coimisiún bearta reachtacha breise chomh maith le tacaíocht cur chun feidhme agus bearta forbartha acmhainneachta chun cuidiú leis na Ballstáit dlús a chur le

[16] Éire (gur lú 4 phointe céatadáin), an Fhrainc (2,5 pointe céatadáin) agus an tSlóivéin (0,3 pointe céatadáin). Pointe tagartha mar a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán Rialachais bunaithe ar an sprioc a bhí ann roimhe seo ar leibhéal an Aontais sular tháinig an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite i bhfeidhm.

[17] Cuirfidh an Coimisiún i láthair a mheasúnú ar dhul chun cinn na mBallstát a chaill a mbunlíne agus/nó a bpointí tagartha in 2022 a cuireadh i láthair sa doiciméad inmheánach oibre tiomnaithe, bunaithe ar na bearta agus na mínithe a tugadh sna tuarascálacha ar dhul chun cinn.

ceadú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair a bhaineann leis[18].

Tá **Comhphobail Fuinnimh** ag leathnú go rathúil ar fud na mBallstát, rud a chuireann leis an aistriú fuinnimh trí thionscnaimh faoi stiúir na saoránach. Tá níos mó ná 8 000 pobal fuinnimh ann anois ar fud an Aontais. Tá an Coimisiún ag tacú leis na forbairtí sin tríd an **Mol Comhairleach maidir le Fuinneamh na Saoránach** a seoladh le déanaí agus trí **Shaoráid na gComhphobal Fuinnimh**. Thairis sin, leis an gclár LIFE, tacaíodh leis an gcomhar idir pobail fuinnimh agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun níos mó ná 50 seirbhís áitiúil a chur chun feidhme chun cuidiú le saoránaigh na tionscadail pobail fuinnimh a chur i gcrích agus iad a mhéadú.

Tá Ballstáit an Aontais ag obair go gníomhach chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú trí phleananna, straitéisí agus creataí éagsúla. Bhunaigh na Ballstáit uile beartais oiriúnaithe náisiúnta, agus tá beartais oiriúnaithe earnála i bhfeidhm nó á n-ullmhú ag cuid acu freisin. Tá rialacha oiriúnúcháin á gcomhtháthú ag roinnt Ballstát ina ndlíthe náisiúnta maidir leis an aeráid chun feabhas a chur ar thacaíocht dhlíthiúil d'iarrachtaí oiriúnúcháin. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag na Ballstáit freisin maidir lena measúnuithe riosca aeráide náisiúnta a fhorbairt agus a bheachtú, measúnuithe atá ríthábhachtach le haghaidh ceapadh beartas fianaisebhunaithe maidir le hoiriúnú.

Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar iarrachtaí áitiúla agus réigiúnacha chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt ar fud an Aontais. Maidir leis na Ballstáit ina bhfuil ceanglais dhlíthiúla, tugtar sainordú d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla pleananna oiriúnúcháin a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus athléimneacht á comhtháthú ag roinnt mhaithe acu i gcláir atá sonrach don earnáil. I gcás nach ann do shainorduithe, tá straitéisí oiriúnúcháin á bhforbairt go deonach ag roinnt mhaith réigiún agus cathracha faoi chuimsiú pleananna oiriúnaithe náisiúnta nó cláir thrasteorann an Aontais, agus is minic a fhaigheann siad tacaíocht ó dhreasachtaí, treoir agus tionscnaimh chomhpháirteacha rialtais.

3.2 **Éifeachtúlacht fuinnimh**

In 2023[19], shroich ídiú fuinnimh phríomhúil san Aontas 1 209 milliún tona de choibhéis ola (Mtoe), laghdú 4,1 % i gcomparáid le 2022, agus meánlaghdú bliantúil 2,7 % ó bhí 2020 ann, **ag druidim beagán níos gaire do sprioc nua 992,5 Mtoe 2030 agus an bhearna fós ag 22 % ó sprioc 2030.**

Ba é 894 Mtoe an tomhaltas fuinnimh deiridh in 2023, is é sin laghdú 3,0 % i gcomparáid le 2022 agus meánlaghdú bliantúil 2 % ó bhí 2019 ann, ach fós 17 % ó sprioc nua 2030 (763 Mtoe), arb é sin 2,2% ar a laghad de na meániarrachtaí is gá go dtí 2030[20]. Dá bhrí sin, beidh gá le dlús breise a chur le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh chun an sprioc

[18] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh, COWI, Eclareon agus Prognos, *Monitoring the implementation of the Commission recommendation and guidance on speeding up permit-granting procedures for renewable energy and related infrastructure projects* [Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an mholta ón gCoimisiún agus treoir maidir le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara] – Tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2833/2257747

[19] Sonraí is déanaí atá ar fáil

[20] Tagraítear leis sin don tréimhse 2023-2030

maidir le laghdú 11,7 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh a bhaint amach faoi 2030, ós rud é nár sainaithníodh i measúnú 2025 an Choimisiúin ar fud an Aontais ar na PNFAnna nuashonraithe críochnaitheacha ach laghdú 8,1 % i gcomparáid le réamh-mheastacháin 2030.

In ainneoin an laghdaithe ar leibhéal an Aontais, lean an meánlaghdú bliantúil ar an tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus deiridh ó bhí 2019 ann de bheith an-éagsúil ar fud na mBallstát, rud a léiríonn cúinsí agus túsphointí éagsúla gach Ballstáit. **Bhain Lucsamburg amach an meánlaghdú bliantúil is airde ar thomhaltas fuinnimh deiridh** ó bhí 2019 ann (5,4 %), agus ina dhiaidh sin an Ísiltír (3,8 %) agus an Fhionlainn (3,0 %), agus, os a choinne sin, tháinig méadú ar an tomhaltas fuinnimh deiridh i Málta, sa Chróit agus sa Phortaingéil ó bhí 2019 ann.

In 2023, tháinig laghdú 6,1 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh in earnáil cónaithe an Aontais, laghdú 5,4 % in earnáil na tionsclaíochta agus laghdú 3,0 % in earnáil na seirbhíse i gcomparáid le leibhéil 2022. Tugtar le fios i sonraí ceartaithe ó thaobh na haeráide de san earnáil chónaithe (- 3,5 % i gcomparáid le 2022) go bhfuil an laghdú nasctha den chuid is mó le feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh cónaithe, ach le geimhreadh níos éadroime freisin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. **Ní mór dlús a chur** leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar ráta an **athchóirithe foirgneamh agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt sin chomh maith le hiarrachtaí a mhéadú chun téamh a dhícharbónú agus a leictriú.** Cé gur suiteáladh 2,8 milliún aonad teaschaidéil in 2022, tháinig moill ar an gcur chun feidhme go 2,7 milliún aonad in 2023 agus 2 mhilliún aonad in 2024[21]. Tháinig fás nach beag ar theicneolaíochtaí glana eile le haghaidh foirgneamh: ba é thart ar 338 GW an toilleadh fótavoltach gréine (PV) dín faoi dheireadh 2024, agus b'ionann suiteálacha stórála ceallraí san Eoraip agus thart ar 66 GW san iomlán sa chéad ráithe de 2025, rud a thacaigh le cobhsaíocht eangaí agus comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite araon. **Níl bearta náisiúnta ar an luas is gá go fóill chun stoc foirgneamh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050**, a mbeidh cur chun feidhme tapa na Treorach athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ríthábhachtach ina leith.

I mí an Mheithimh d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste chun tacú leis na Ballstáit an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a chur chun feidhme. Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoi mhí na Bealtaine 2026.

Tá bearta beartais agus rialála á neartú chun deireadh a chur le bacainní ar éifeachtúlacht fuinnimh. Le hiarrachtaí rialála, lena n-áirítear mar chuid de Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta roinnt mhaith Ballstát, dírítear ar bhacainní a bhaint trí nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh athchóirithe foirgneamh agus naisc eangaí a shimpliú, trí aghaidh a thabhairt ar dhreasachtaí deighilte i margaí cíosa, agus trí oiliúint agus deimhniú a chur chun cinn do ghairmithe fuinnimh. Thairis sin, úsáidtear ionstraimí margadhbhunaithe, amhail cánacha fuinnimh, tobhaigh, agus lamháltais, chun infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh a dhreasú agus chun tacú le glacadh teicneolaíochtaí ísealfhuinnimh. Le Scéimeanna um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) agus Deimhnithe Bána intrádála, ceanglaítear ar sholáthróirí coigilteas fuinnimh a bhaint amach d'úsáideoirí deiridh. Le sásraí praghsála carbóin, lena n-áirítear CTA AE, gintear ioncam do thionscnaimh éifeachtúlachta, agus spreagtar tomhaltas laghdaithe le cánacha fuinnimh agus tobhaigh ar fheithiclí. Leis na rialacháin maidir le héicidhearthóireacht

[21] JRC, tuarascáil na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain atá le teacht maidir le teaschaidéil.

agus lipéadú fuinnimh, cuirtear táirgí éifeachtúla agus roghanna eolasacha tomhaltóirí chun cinn a thuilleadh.

Mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear nuashonruithe ar rialacháin maidir le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht, measadh go raibh coigilteas thart ar **EUR 120 billiún** i mbillí fuinnimh in 2023, agus d'fhéadfadh méadú go dtí thart ar EUR 162 bhilliún a bheith ann in 2030[22].

3.3 **Margaí fuinnimh**

Is réamhriachtanas daingean é idirnascadh trasteorann leordhóthanach idir na Ballstáit chun go mbeidh leictreachas glan agus saor in ann sreabhadh gan bhac agus chun saoránaigh agus gnólachtaí ar fud na hEorpa a shroicheadh, rud a chuirfidh le praghsanna leictreachais níos ísle, le cinnteacht soláthair níos airde agus le comhtháthú níos fearr ar fhuinneamh in-athnuaite.

Tá iarrachtaí maithe déanta ag na Ballstáit **an acmhainneacht trasteorann a mhéadú**, rud atá léirithe ag tionscadail amhail **Idirnascaire Mhuir Bhailt** idir an Fhionlainn agus an Eastóin, idirnascaire ElecLink idir an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc, agus píblíne gáis IGB na Gréige-na Bulgáire. Le tabhairt i gcrích tionscadail leasa choitinn éagsúla ba cheart **go gcuirfí feabhas ar na leibhéil idirnascachta**. Thuairiscigh na Ballstáit 83 thionscadal leasa choitinn atá ar siúl faoi láthair, a mbaineann an chuid is mó díobh le hidirnascairí leictreachais. Tá an próiseas chun an dara liosta tionscadal leasa choitinn/tionscadal leasa fhrithpháirtigh a bhunú faoi lán seoil, agus 230 tionscadal incháilithe ann go dtí seo, agus tá coinne leis go dtabharfar chun críche é faoi dheireadh 2025.

Mar sin féin, níl an sprioc idirnaisc 15 % ar a laghad don bhliain 2030 bainte amach fós ag 13 Bhallstát (BE, DE, IE, EL, ES, FR, IT, CY, NL, PL, PT, RO, SE), agus tá ocht gcinn acu (IE, EL, ES, FR, IT, CY, NL, PL) fós faoi bhun an sprioc idirnaisc 10 % don bhliain 2020.[23] Tá gá le hiarracht bhreise chun cuspóirí°2030 a chomhlíonadh, go háirithe i dtéarmaí seachadadh tráthúil tionscnamh trasteorann atá beartaithe.

I mí Aibreáin na bliana seo caite, sheol ACER páipéar tuairime chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún Eorpach, inar leagadh béim ar an ngéarghá atá ann go ndéanfadh Oibreoirí Córais Tarchurtha **tuilleadh dul chun cinn**. Is é an margadh inmheánach leictreachais is bunús lenár slándáil soláthair chomhroinnte agus is príomhchumasóir é maidir lenár spriocanna in-athnuaite a chur in úsáid. Is réamhriachtanas don aistriú fuinnimh é úsáid an toillte idirnaisc a uasmhéadú tríd an gceanglas íosta 70 % a bhaint amach toisc mar gheall ar thrádáil trasteorann go dtacaítear le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go gcoinnítear costais go híseal agus go bhfeabhsaítear slándáil an tsoláthair leictreachais tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an eangach atá ann cheana.

Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh na Ballstáit **barrfheabhas ar an acmhainneacht solúbthachta neamhiontaise** atá ar fáil ina gcórais leictreachais trí thrasuí agus cur chun feidhme rialacháin ábhartha uile an Aontais a thabhairt chun críche lena gcumasaítear rannpháirtíocht éifeachtach na freagartha don éileamh, na stórála agus

[22] Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne.
[23] Ar bhonn shonraí Ionchas Geimhridh ENTSO-E 2024-2025 (ríomhanna AS ENER bunaithe ar thoilleadh idirnasc allmhairiúcháin agus sonraí maidir le toilleadh giniúna a thuairiscítear don 10 Eanáir 2025, 19:00).

na giniúna dáilte sna margaí ábhartha uile. Leag roinnt mhaith Ballstát spriocanna uaillmhianacha síos maidir le rannpháirtíocht tomhaltóirí, leathadh amach na méadar cliste, agus leordhóthanacht an chórais leictreachais, lena leagtar síos an bealach le haghaidh córas fuinnimh níos freagrúla agus níos comhtháite.

3.4 **Slándáil an tsoláthair**

Le **síneadh rathúil an Rialacháin i dtaca le Stóráil Gáis**, cuirtear i dtábhacht tiomantas na hEorpa don **tslándáil fuinnimh agus don athléimneacht fuinnimh**. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag slándáil an tsoláthair don aistriú fuinnimh, beidh an fhorbairt sin ina cuidiú le hullmhú do na geimhrí atá le teacht agus an tráth céanna solúbthacht a chur ar fáil do na Ballstáit chun praghsanna iomarcacha agus saobhadh margaidh a chosc.

Baineadh leibhéil stórála gáis 90 % amach roimh dheireadh mhí Lúnasa 2024, agus **ní raibh aon fhadhb ann maidir le slándáil an tsoláthair gáis in ainneoin geimhreadh fuar agus soláthar measartha íseal GNL** le linn mhíonna an gheimhridh. D'oibrigh an Coimisiún agus na Ballstáit go dlúth le chéile chun a áirithiú nach ndéanfaí difear do shlándáil an tsoláthair le deireadh idirthuras gáis na Rúise tríd an Úcráin i mí na Nollag 2024. Cé go raibh an tionchar éagsúil i réigiúin éagsúla, ní raibh tionchar mór ar shlándáil fhoriomlán an tsoláthair agus ar phraghsanna ar fud an Aontais a bhuí leis an obair chomhchoiteann réamh-mheasta, lena n-áirítear na hiarrachtaí éagsúlaithe tríd an sásra **AggregateEU**, a bhain torthaí suntasacha amach: beagnach 190 cuideachta chláraithe, 90 bcm den éileamh comhiomlánaithe, 160 bcm de sholáthairtí agus rinneadh breis agus 77 bcm a mheaitseáil idir ceannaitheoirí agus soláthróirí. Mar thoradh air sin, thit sciar na n-allmhairí gáis ón Rúis go dtí 12 % in 2025 (go dtí mí Lúnasa) i gcomparáid le 19 % in 2024. Leathnófar leis an Ardán Fuinnimh agus Amhábhar an Aontais comhiomlánú éilimh chuig táirgí agus tráchtearraí nua freisin, rud a dhéanfaidh cumhacht agus méid an mhargaidh Eorpaigh a ghiaráil. An 14 Deireadh Fómhair 2025, bhí na leibhéil stórála gáis ag acmhainneacht stórála 83 %.

Ní raibh aon imní ann ach oiread maidir le slándáil an tsoláthair i gcás ola. Scaoileadh stoc beag ola mar gheall ar shuaitheadh i bpíblínte ola agus/nó i ndúnadh scaglainne, ach choinnigh na Ballstáit uile na stoic ola shainordaitheacha nó d'athshlánaigh siad iad. Mar gheall ar na smachtbhannaí leanúnacha ar allmhairiú ola na Rúise, chomh maith leis an gcabhlach dorcha, níl ach 3 Bhallstát ann a leanann d'ola ón Rúis a allmhairiú (arb iad 3 % d'allmhairí ola an Aontais in 2024).

Bhí staid shlándáil an tsoláthair leictreachais fabhrach ar an iomlán san Aontas, mar gheall ar thoilleadh suiteáilte in-athnuaite a mhéadú, éileamh measartha ar leictreachas, giniúint mhaith núicléach go ginearálta agus leibhéil fhabhracha hidreachumhachta ar fud an Aontais. Forbairt mhór ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ba ea sion**crónú na stát Baltach** le córas leictreachais Mhór-roinn na hEorpa, rud a chuir ar chumas na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine neamhspleáchas iomlán fuinnimh a bhaint amach ón Rúis agus, ar an gcaoi sin, slándáil fuinnimh chomhchoiteann an Aontais a bhaint amach.

Chonacthas i mí na Nollag 2024 freisin gur cuireadh isteach ar chábla cumhachta fomhuirí Estlink-2 idir an Fhionlainn agus an Eastóin, rud nár chuir slándáil an tsoláthair leictreachais sa réigiún i mbaol ach a léirigh leochaileacht an bhonneagair fuinnimh chriticiúil i leith gníomhartha mailíseacha, go háirithe faoin bhfarraige. Mar fhreagairt air sin, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht Chomhpháirteach i mí Feabhra 2025 chun slándáil agus athléimneacht cáblaí fomhuirí a neartú ar bhonn ceithre phríomhcholún: cosc, brath, freagairt agus díspreagadh.

Anuraidh, chuir roinnt eachtraí adhaimsire áitiúla brú mór ar chóras leictreachais an Aontais freisin, amhail Stoirm Eowyn in Éirinn i mí Eanáir 2025.

Mórtheagmhas eile ab ea **lándorchú na hIbéire an 28 Aibreán 2025**, a rinne difear do Leithinis na hIbéire ina hiomláine agus limistéar beag sa Fhrainc gar do theorainn na Spáinne. Cuireadh athchóiriú eangach tarchurtha na Portaingéile agus na Spáinne i gcrích le linn na hoíche céanna, i gcomhréir leis an gcód líonra maidir le héigeandáil leictreachais agus athbhunú leictreachais. Agus scrúdú fós á dhéanamh ar na tosca bunúsacha, tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún orthu. Tá anailís á déanamh ag an gCoimisiún ar na torthaí uile, lena n-áirítear na tuarascálacha meastóireachta *ex post* a chuir an Spáinn agus an Phortaingéil isteach agus tuarascáil an phainéil onnmhairiúcháin a bhunaigh ENTSO-E, agus d'fhéadfadh sé machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht a dhéanamh chun slándáil soláthair fhoriomlán an Aontais a fheabhsú, mar shampla tríd an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar chreat slándála fuinnimh an Aontais.

Ar an gcéad dul síos, dírítear sna spriocanna náisiúnta tuairiscithe maidir le slándáil fuinnimh ar sholáthar gan briseadh a áirithiú, agus ar an dara dul síos ar éagsúlú foinsí fuinnimh. Tuairiscíonn na Ballstáit fócas láidir ar shlándáil an tsoláthair gáis a fheabhsú trí chríochfoirt nua GNL, bealaí píblínte malartacha agus gáis in-athnuaite a fhorbairt.

3.5 **Taighde, nuálaíocht agus iomaíochas**

Is rannchuidiú tábhachtach eacnamaíoch iad teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, agus meastar go gcruthaítear thart ar 1,8 milliún post san Aontas in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus gur thart ar EUR 233 billiún a láimhdeachas iomlán in 2023[24]. Tá iomaíochas earnáil teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain an Aontais ríthábhachtach, ní hamháin chun na cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach, ach chun poist a chruthú freisin, agus an tslándáil fuinnimh agus eacnamaíoch á neartú an tráth céanna[25].

Ba chéim thábhachtach é an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, a tháinig i bhfeidhm in 2024, chun tacú le monaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais. I mí na Bealtaine 2025, ghlac an Coimisiún ceithre phíosa reachtaíochta tánaistí[26], garsprioc thábhachtach chun an gníomh a chur chun feidhme. Chuir an Coimisiún Teachtaireacht i láthair freisin ina ndearnadh measúnú ar sholáthar an Aontais i leith teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ina léiríodh go bhfuil spleáchas láidir ar an tSín, go háirithe i gcás córais fhótavoltacha gréine (94 % de mhodúil fhótavoltacha agus cealla fótavoltacha) agus ceallraí (50 % de phacaí ceallraí, modúil agus cealla chomh maith le 81 % d'ábhair ghníomhacha anóide)[27]. Ar an iomlán, tá brú láidir iomaíoch fós ar earnáil teicneolaíochta glaine an Aontais. Ar an leibhéal domhanda, meastar go leanfaidh ró-acmhainneachtaí monaraíochta substaintiúla de bheith ann i gcás ceallraí, grianfhuinnimh, gaoithe (naoisilí) agus hidrigine (cruacha leictrealóra) sna blianta amach romhainn gan tuilleadh gníomhaíochtaí beartais[28].

Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain i gcaiteachas poiblí T&N i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus mhéadaigh sé a infheistíochtaí poiblí san

[24] EurObserv'ER, *The State of Renewable Energies in Europe, 2024 edition* , 2025.
[25] Chun measúnú níos cuimsithí a fháil, féach Tuarascáil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le hIomaíochas Teicneolaíochtaí Fuinnimh Ghlain, COM(2025) 74 final.
[26] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_25_1324.
[27] C/2025/3236.
[28] BloombergNEF, *Energy Transition Supply Chains*, 2025.

earnáil le blianta beaga anuas[29]**.** In 2023, sholáthraigh na Ballstáit cistiú taighde beagnach EUR 8,5 billiún do thosaíochtaí T&N an Aontais Fuinnimh, rud a mhéadaigh a gcaiteachas faoin gcúigiú cuid an bhliain roimhe sin. Cuireadh breis agus EUR 2 bhilliún ar leibhéal an Aontais leis sin i dtionscadail ábhartha Fís Eorpach. Leis an méid comhcheangailte, cuirtear an tAontas ar thús cadhnaíochta i measc mórgheilleagair maidir le caiteachas poiblí T&N ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain[30]. Mar sin féin, tá **infheistíocht phríobháideach T&N**, lena soláthraítear cistiú T&N níos mó ná trí cheathrú le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain ar fud na mórgheilleagar, fós i bhfad níos airde i mórgheilleagair na hÁise ná mar atá san Aontas agus sna Stáit Aontaithe[31]. Is é is aidhm don **Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag méadú**, a seoladh i mí na Bealtaine 2025, an bhearna nuálaíochta idir an tAontas agus a phríomhiomaitheoirí domhanda a dhúnadh, trí phríomhghníomhaíochtaí a dhéanamh, ó rialáil atá fabhrach don nuálaíocht a chothú go rochtain ar chistiú a fheabhsú agus dlús a chur le glacadh agus leathnú an mhargaidh.

Is é is aidhm do rialachas nua an **Phlean Straitéisigh um Theicneolaíocht Fuinnimh** (Plean SET), a mhol an Coimisiún in 2025, **Cláir Oibre Choiteanna Cur Chun Feidhme agus Infheistíochta a shainiú** in aghaidh na teicneolaíochta leis na Ballstáit chun leas breise a bhaint as sineirgí idir an tAontas, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara taighde fuinnimh agus tionsclaíocha. Ina theannta sin, in 2025 cuireadh tús i bPlean SET le **níos mó airde a thabhairt ar dhúshláin trasnaí,** amhail glacadh na nuálaíochta sa mhargadh, an chiorclaíocht, an digitiú agus scileanna sochaíocha. Léirítear i spriocanna náisiúnta tuairiscithe na mBallstát lena gcuirtear cuspóirí phleananna SET san áireamh, fócas láidir ar chórais fuinnimh agus ar hidrigin. Maidir le teicneolaíochtaí núicléacha, d'fhoilsigh an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach um Mion-imoibreoirí Modúlacha a bplean gníomhaíochta straitéiseach i mí Mheán Fómhair 2025, ina leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha chun dlús a chur leis na mion-imoibreoirí modúlacha a fhorbairt agus a chur in úsáid trí roinnt tionscadail roghnaithe faoi thús na 2030idí. Maidir le fuinneamh comhleá, chomhlíon tionscadal ITER a bpríomhtháscairí feidhmíochta uile anuraidh agus sa chéad Seimeastar in 2025, léiríodh sna táscairí go bhfuil an tionscadal in am, rud a fhágann go bhfuil sé níos gaire don chéim taiscéalaíochta eolaíochta lena réiteofar an bealach do thráchtálú tionsclaíoch.

4. TRÁTH CINNTITHEACH CHUN AN tAONTAS FUINNIMH LÁIDIR A THABHAIRT CHUN CRÍCHE

Is spreagadh mór é an dícharbónú don fhás: leis an dícharbónú, is féidir praghsanna fuinnimh agus margaí a chobhsú, costais billí fuinnimh a laghdú, poist ardcháilíochta a chruthú agus borradh a chur faoi iomaíochas thionscail na hEorpa, agus táirgeadh fuinnimh intíre a mhéadú an tráth céanna, a mbeidh tairbhí ar thoradh air i dtéarmaí shlándáil an tsoláthair agus neamhspleáchas fuinnimh.

Tá na chéad éifeachtaí ó chur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne a léiriú ar an láthair. Beidh sé fós ina thosaíocht sna míonna amach romhainn praghsanna fuinnimh a laghdú do shaoránaigh agus do

[29] An Fhaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain, *Overall Strategic Analysis of Clean Energy Technology in the EU - 2024 Status Report [Anailís Straitéiseach Foriomlán ar Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain san Aontas - Tuarascáil Stádais 2024]*, 2025.
[30] Anailís JRC le haghaidh tuarascálacha 2025 na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain (le teacht).
[31] COM(2025) 74 final.

ghnólachtaí uile na hEorpa, agus dlús a chur le cur chun feidhme chreat 2030 an tráth céanna. Cuirfidh an Coimisiún dlús leis na hiarrachtaí chun cur leis an tacar gníomhaíochtaí a fógraíodh an 21 Deireadh Fómhair[32].

An tráth céanna, leagfaidh sé bonn láidir síos chun an t-aistriú a chothú go maith sna 10 mbliana amach romhainn **ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050.**

Tá an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar an Dlí Aeráide Eorpach lena leagtar síos sprioc aeráide 2040 an Aontais maidir le laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa, i gcomparáid le leibhéil 1990, á bhreithniú faoi láthair ag na comhreachtóirí.

A luaithe a chomhaontófar í, beidh sprioc aeráide 2040 an Aontais ina tagarmharc do chreat beartais an Aontais do na 10 mbliana amach romhainn. Leis an taithí a fuarthas ón gcreat rialála atá ann faoi láthair a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Rialachán Rialachais, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an uaillmhian a chur i gcomhréir leis an gcumas beart a dhéanamh, agus comhordú na straitéisí náisiúnta a áirithiú.

Ba cheart díriú ar chreat beartais comhleanúnach intuartha a chur ar aghaidh lena dtabharfar cinnteacht fhadtéarmach do na Ballstáit, d'infheisteoirí agus do shaoránaigh le linn na chéad chéime eile den aistriú fuinnimh. Chun é sin a dhéanamh, tá roinnt dúshlán le sárú.

Ar an gcéad dul síos, **beidh úsáid níos mó as an leictriú ríthábhachtach chun laghdú uaillmhianach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus chun freastal ar na riachtanais fuinnimh ar mhaithe le hAontas iomaíoch rathúil.** Mar sin féin, tá sciar an leictreachais den éileamh deiridh ar fhuinneamh fós cothrom le thart ar 23 % le breis agus 10 mbliana anuas. Chun spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach agus leictriú mórscála ar iompar de thalamh, téamh spáis agus uisce agus go leor próisis thionsclaíocha a chur ar fáil, ní mór dó ardú go dtí aon trian faoi 2030, thart ar 32 %, mar a léirítear sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus beagnach faoi dhó chun 50 % a bhaint amach faoi 2040.

Agus breithniú á dhéanamh ar an leictreachas is gá chun hidrigin a tháirgeadh freisin, beidh gá leis an toilleadh giniúna a mhéadú faoi dhó faoi 2040, chomh maith le tuairim is **EUR 1 trilliún a infheistiú in eangacha agus i solúbthacht faoi 2040.**

Ar an dara dul síos, chun go mbeidh an **cur chuige straitéiseach sin costéifeachtach**, beidh sé riachtanach freisin leanúint de ghlacadh teicneolaíochtaí atá **fuinneamhéifeachtúil** a chur chun cinn agus a áirithiú go mbeidh méadair chliste ag gach teaghlach agus gnólacht. Níos tábhachtaí fós, baineann an sciar is mó de na riachtanais infheistíochta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh idir 2030 agus 2040 le **hathchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana**, lena n-áirítear athchóiriú ar théamh agus fuarú, go háirithe, don earnáil chónaithe a mbíonn suas le EUR 241 bhilliún in aghaidh na bliana ag teastáil ina leith[33].

Ar an tríú dul síos, **ní mór teicneolaíochtaí nuálacha a dhéantar san Eoraip a bheith rathúil chun go n-éireoidh leis an aistriú fuinnimh** agus chun a áirithiú go mbeidh an

[32] *Commission steps up efforts to lower energy prices with a set of actions to bring relief to industries and consumers* [Dlús curtha ag an gCoimisiún leis na hiarrachtaí chun praghsanna fuinnimh a ísliú le sraith gníomhaíochtaí chun faoiseamh a thabhairt do thionscail agus do thomhaltóirí] - Energy

[33] (SWD(2024) 64 final)

córas fuinnimh a bheidh ann amach anseo bunaithe ar earnáil teicneolaíochta glaine de chuid an Aontais a bheidh iomaíoch. Tá féidearthacht mhór i gceist le forbairt agus glacadh réiteach digiteach agus feidhmchlár intleachta saorga chun éifeachtúlacht agus solúbthacht níos fearr a áirithiú sa chóras fuinnimh, agus chun comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú ar chostas níos ísle. An tráth céanna, tá sé tábhachtach cibearshlándáil chóras fuinnimh an Aontais a áirithiú agus comhtháthú thomhaltas méadaitheach na lárionad sonraí a phleanáil[34].

Chun tacú leis an athrú mór ar an gcóras fuinnimh, beidh gá le hinfheistíochtaí fuinnimh ghlain a mhéadú ó thart ar EUR 240 billiún in 2020 go dtí thart ar EUR 695 bhilliún in aghaidh na bliana faoi 2040. Leis an infheistíocht sin, ní mór tacú le leathnú, digitiú agus nuachóiriú an bhonneagair leictreachais, na monaraíochta intíre, na stórála.

Beidh sé ríthábhachtach infheistíochtaí poiblí a ghiaráil agus infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh, mar aon le hionstraimí nuálacha airgeadais a chruthú chun tacú le hinfheistíochtaí inbhuanaithe san fhuinneamh agus san aeráid ar fud an Aontais agus chun comhar trasteorann a chothú. Mar shampla, d'fhéadfadh sásra cistiúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite tacú le costéifeachtúlacht agus uaillmhian na mBallstát a mhéadú trí cheantanna fuinnimh in-athnuaite ar fud an Aontais a éascú, mar a mholtar i dtuarascáil Letta.

Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus sa Treochlár maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, rannchuideoidh uas-scálú scéimeanna ráthaíochta an Aontais le haghaidh seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh agus ionstraimí luasaire éifeachtúlachta fuinnimh le feabhas a chur ar an margadh le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus chun tráchtearra margadhthiomáinte a dhéanamh as coigilteas fuinnimh a chuideoidh le muintir na hEorpa tairbhiú de sheirbhísí atá in ann a mbillí fuinnimh a laghdú. Leis an athbhreithniú atá ar na bacáin ar an Rialachas Fuinnimh, tugtar deis chun **straitéisí infheistíochta inchreidte** a dhéanamh de na Pleananna Náisiúnta Aeráide agus na Pleananna Aeráide Fuinnimh lena stiúrtar athchóirithe agus lena dtreoraítear cistiú go héifeachtach i dtreo an aistrithe ghlain.

Tar éis an **athbhreithnithe meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe**, is féidir leis na Ballstáit cistí comhtháthaithe a úsáid chun tacú le tionscadail idirnaisc fuinnimh agus le bonneagair ghaolmhara tarchurtha, dháileacháin agus stórála.

Thairis sin, moltar sa togra le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) uaillmhianach dar luach EUR 1,98 trilliún don tréimhse 2028-2034 (i leith praghsanna atá ann faoi láthair), méadú faoi chúig ar bhuiséad na **Saoráide um Chónascadh na hEorpa** chun an bonneagar trasteorann is gá chun Aontas Fuinnimh láidir a bhaint amach a threisiú.

Tacófar sna pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha le heangacha tarchurtha agus dáileacháin intíre agus an Gréasán tras-Eorpach á chur san áireamh freisin. Leis an gcreat maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, féachfar, *inter alia*, lena áirithiú go gceapfar gach infheistíocht agus gach mórbheartas atá leochaileach i leith thionchair an athraithe aeráide chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a saolré. Is ar **Chiste Eorpach um Iomaíochas** a bhraitheann an togra freisin, rud a shimpleoidh agus a chuirfidh dlús le

[34] Fás 70 % á thuairisciú ag IEA ar thomhaltas na lárionad sonraí san Eoraip idir 2025 agus 2030: Energy and AI

cistiú an Aontais agus a spreagfaidh infheistíocht phríobháideach agus phoiblí i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear iad siúd atá ríthábhachtach don aistriú glan.

Beidh sé ríthábhachtach comhleanúnachas a áirithiú idir na PNFAnna a bheidh ann amach anseo agus forbairt na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, lena n-áirítear athbhreithniú meántéarma a dhéanamh orthu. Tacóidh sé le hailíniú na dtosaíochtaí infheistíochta le hathchóirithe fuinnimh fadtéarmacha agus le seachadadh an bhonneagair atá ina bhonn taca faoi Aontas Fuinnimh fíor-chomhtháite, lena n-áirítear deireadh a chur leis na hocht scrogall ríthábhachtacha a sainaithníodh faoi na Mórbhealaí Fuinnimh.

Tá ról lárnach ag simpliú chun cuspóirí agus spriocanna an bheartais fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a bhaint amach ar luas níos tapúla, rud a chuireann leis an Idirphlé maidir le Cur Chun Feidhme agus seiceálacha réaltachta. Ba chéim mhór cheana féin é an Rialachán Rialachais atá ann faoi láthair i ndáil leis sin, ach tá gá le brú eile chun gnéithe pleanála, tuairiscithe agus rianaithe infheistíochta a chuíchóiriú agus iad a chur i gcomhréir a thuilleadh. D'fhéadfadh sé sin próisis a chuíchóiriú agus a áirithiú go mbeidh an creat beartais fuinnimh agus aeráide a bheidh ann amach anseo fós **freagrúil agus spriocdhírithe agus aistriú uaillmhianach aeráide agus fuinnimh á áirithiú an tráth céanna.** Ba cheart an creat fuinnimh agus aeráide a bheidh ann amach anseo a úsáid ar bhealach níos straitéisí chun infheistíocht a mhealladh agus chun tacú le cur chun feidhme na mBallstát,

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na buntáistí a bhaineann leis an aistriú fuinnimh le brath ag saoránaigh na hEorpa ina saol laethúil. Trí **dheiseanna rannpháirtíochta saoránach a áirithiú** ag céim pleanála agus forbartha na dtionscadal fuinnimh agus an bhonneagair eangaí nó trí thacú leo tairbhe a bhaint as tairiscintí nuálacha chun luaineacht praghsanna a sheachaint, áiritheofar an glacadh sóisialta is gá chun spriocanna an Aontais a bhaint amach agus chun rannchuidiú le billí fuinnimh a ísliú. D'fhéadfadh an painéal saoránach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach in 2024 a bheith ina shampla chun cur le tionscnaimh an Aontais atá ar na bacáin.

I dteannta a chéile, ní mór do na feabhsuithe sin rannchuidiú le creat níos comhleanúnaí agus níos réamhbhreathnaithí a bheadh in ann tacú le haistriú glan an Aontais sna chéad 10 mbliana eile, agus iomaíochas, inacmhainneacht, slándáil agus cothroime shóisialta á gcosaint an tráth céanna agus rannchuidiú leis an Aontas Fuinnimh thabhairt chun críche.

IARSCRÍBHINN 1

Tábla: Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne

 Curtha i gcrích  fós ar siúl

Gníomhaíochtaí - Colún I: ***Costais fuinnimh a ísliú***	**Foghníomhaíocht**	**Stádas**	**Spriocdháta**
1. Billí fuinnimh inacmhainne	**Treoir** maidir le modheolaíochtaí taraifí líonra agus infheistíochtaí réamh-mheasta eangaí		R2 2025
	Moladh do na Ballstáit maidir le solúbthachtaí (lena n-áirítear Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh) a úsáid chun cánachas leictreachais a ísliú		R4 2025
	Pacáiste Fuinnimh na Saoránach lena n-áirítear Treoir agus bearta maidir le bochtaineacht fuinnimh agus pobail		R1 2026
2. Costais soláthair leictreachais a ísliú	**Treoirthionscadal BEI** le haghaidh comhaontaithe ceannaigh cumhachta glana (EUR 500 milliún), **pacáiste um monaraíocht eangaí** (EUR 1,5 billiún)		R2 2025
	Treoir maidir le foirmeacha nuálacha foinsí in-athnuaite fuinnimh agus maidir le dlúslimistéir eangaí agus stórála		R2 2025
	Tacaíocht cur chun feidhme ón gCoimisiún trí leathnú Accele-RES, Sainghrúpa maidir le ceadú, CA-RES, idirphlé cur chun feidhme, uirlis treorach ceisteanna agus freagraí		R2 2025
	Athbhreithniú **ar an gcreat státchabhrach**		R2 2025
	Treoir maidir le dearadh conarthaí difríochta		R4 2025
	Tograí reachtacha le haghaidh ceadú cuichóirithe an bhonneagair fuinnimh, na stórála fuinnimh agus na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh		R4 2025
	An **Pacáiste um na hEangacha** Eorpacha		R4 2025

	Treoraíocht maidir le híocaíocht na solúbthachta i gconarthaí miondíola a chur chun cinn		R4 2025
	Cód líonra maidir le freagairt don éileamh		R1 2026
	Rialacha réamh-mhargaidh chun deiseanna fálaithe a mhéadú		R3 2026
	Na Ballstáit chun nósanna imeachta náisiúnta um cheadú a oiriúnú agus údaráis náisiúnta a neartú		A luaithe is féidir
3. Feabhas a chur ar mhargaí gáis	**Leas a bhaint as cumhacht ceannaigh an Aontais**		R2 2025 - 2026
	Táirge éifeachtúlachta fuinnimh **BEI** do FBManna, scéim ráthaíochta, treoirthionscadal		R3 2025
	Measúnú a dhéanamh ar **scéim deimhniúcháin margaidh uile-Aontais le haghaidh coigilteas fuinnimh**		R3 2025
	Nuashonrú ar **rialacha an Aontais maidir le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht**		R3 2025
	Measúnú a dhéanamh ar rochtain ar chaipiteal agus ar dhreasachtaí airgeadais		R4 2025
	Measúnú ar **Thascfhórsa um na Margaí Gáis**		R4 2025
	Na Ballstáit agus údaráis um fhaireachas margaidh chun faireachas agus forfheidhmiú a neartú		A luaithe agus is féidir
4. Éifeachtúlacht fuinnimh	**Clár BEI** maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in FBManna		R3 2025
	Fearais agus táirgí éifeachtúla a neartú		A luaithe agus is féidir
Gníomhaíochtaí - Colún II: ***An tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche***	**Foghníomhaíochtaí**	**Stádas**	**Spriocdhátaí**

5. An tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche	**Tascfhórsa um an Aontas Fuinnimh** a bhunú		R2 2025
	Clár léiritheach le haghaidh núicléach		R2 2025
	Páipéar Bán maidir le **Comhtháthú Níos Doimhne sa Mhargadh Fuinnimh**		R4 2025
	Straitéis Infheistíochta um Fhuinneamh Glan		R4 2025
	An Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh		R4 2025
	Plean Gníomhaíochta um Leictriúchán, Straitéis um Théamh agus Fuarú, Treochlár Straitéiseach um Dhigitiú agus Intleacht Shaorga		R1 2026
	Straitéis um Fhuinneamh Comhleá		2026
	Athbhreithniú ar **an Rialachán Rialachais**		Faoi lár 2027
Gníomhaíochtaí - Colún III: ***Infheistíocht a Mhealladh agus Soláthar a Áirithiú***	**Foghníomhaíocht**	**Stádas**	**Spriocdháta**
6. Comhaontuithe tripháirteacha	Seoladh an phróisis le haghaidh **comhaontuithe earnála tripháirteacha** le haghaidh fuinneamh inacmhainne do thionscal na hEorpa		R4 2025
Gníomhaíocht - Colún IV ***Réidh le haghaidh Géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann***	**Foghníomhaíocht**	**Stádas**	**Spriocdháta**
7. Slándáil an tsoláthair ar mhaithe le cobhsaíocht praghsanna	Athbhreithniú ar an g**creat slándála fuinnimh**		R1 2026

8. Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna praghsanna	**Treoir** maidir le scéimeanna chun **buaicéileamh a laghdú le linn tréimhsí ina mbíonn arduithe tobanna ar phraghsanna** de bharr strus córais a bheith ann.		Leanúnach
	Méaduithe sealadacha ar thoilleadh idirnaisc trasteorann le linn géarchéimeanna		Buan
Gníomhaíocht - Faireachán	**Foghníomhaíocht**	**Stádas**	**Spriocdháta**
Tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh	An Plean Gníomhaíochta sa tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh, déanfaidh an Coimisiún soláthar an phlean sin a chur chun feidhme agus a thuairisciú mar aon le faireachán a dhéanamh air.		Gach bliain

IARSCRÍBHINN 2 – Tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le hiomaíochas

Soláthraítear leis an iarscríbhinn sin nuashonrú ar iomaíochas an Aontais maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, rud a chomhlánaíonn roinn 3.5. Cuireann sé leis an tuarascáil ar dhul chun cinn[35] a glacadh in éineacht leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus leis an bPlean Gníomhaíocht um Fhuinneamh Inacmhainne i mí Feabhra 2025, chomh maith le hobair na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain.

1. Forbairtí sa mhargadh domhanda

Tá infheistíocht dhomhanda i bhfuinneamh glan tar éis infheistíocht i mbreoslaí iontaise a shárú, agus maidir le dhá thrian den sreabhadh caipitil EUR 3 thrilliún chuig fuinneamh lena bhfuil coinne leis in 2025, úsáidfear an sreabhadh caipitil sin le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain[36]. Is iad foinsí in-athnuaite fuinnimh na foinsí leictreachais is iomaíche ó thaobh costais de san Aontas, a shroich sciar 47 % in-athnuaite ina mheascán leictreachais in 2024.

Tá an tAontas fós ina ghníomhaí mór i dtrádáil teicneolaíochta glaine, agus laghduithe le déanaí ar easnaimh trádála le haghaidh teaschaidéil, fótavoltachas gréine agus ceallraí, agus barrachas i dteirmeacha gréine. Mar sin féin, léirítear sna feabhsuithe sin go páirteach éileamh níos lú agus fardail arda seachas athbhorradh faoin mbonn monaraíochta. Tháinig laghdú ar onnmhairí in 2024, agus chaill an tAontas luach onnmhairiúcháin 7 %[37]. Ar an leibhéal domhanda, meastar go leanfaidh an ró-acmhainneacht monaraíochta i ngrianfhuinneamh, ceallraí, gaoth agus hidrigin, agus go mbeidh an tSín chun tosaigh ar infheistíocht agus ar tháirgeadh, agus os cionn 85 % den acmhainneacht dhomhanda gréine agus ceallraí inti. Tá costais táirgthe an Aontais i bhfad níos airde fós, agus meastar go bhfuil grianmhodúl na Síne 35–65 % níos saoire ná grianmhodúil na hEorpa, agus tuirbíní gaoithe thart ar aon trian níos saoire[38].

2. Monaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta agus slabhraí soláthair

Tá sé ríthábhachtach monaraíocht teicneolaíochta glaine a chothú i mbeartas an Aontais faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Glacadh creataí nua státchabhrach agus cánach in 2025 chun tacú le hinfheistíocht, agus cuirtear uirlisí ar fáil le reachtaíocht thánaisteach an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta chun borradh a chur faoi acmhainneacht an Aontais agus chun critéir athléimneachta a chur i bhfeidhm maidir le soláthar agus ceantanna. In ainneoin na mbeart sin, tá spleáchais nach beag fós ann: in 2023, sholáthair an tSín níos mó ná 90 % de mhodúil fhótavoltacha, beagnach 80 % de na córais fhótavoltacha ar an iomlán, leath de chomhpháirteanna ceallraí, agus formhór mór na mbuanmhaighnéad le haghaidh tuirbíní gaoithe[39].

---

[35] COM(2025)74 final.

[36] IEA, *World Energy Investment*, 2025. Comhshó ina n-úsáidtear an meánráta malairte EUR 0,9239 le haghaidh USD 1 feadh na bliana 2024, bunaithe ar BCE.

[37] JRC bunaithe ar shonraí COMEXT/COMTRADE le haghaidh teicneolaíochtaí roghnaithe (ceallraí litiam-ian, modúil fhótavoltacha, grianfhuinneamh teirmeach, teaschaidéil, hidreachumhacht, fuinneamh gaoithe) le haghaidh tuarascálacha 2025 na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain (le teacht).

[38] IEA, *Advancing Clean Technology Manufacturing*, 2024

[39] COM(2025)3236.

Tá seasamh láidir fós ag an Aontas maidir le tuirbíní gaoithe, teicneolaíochtaí eangaí, hidreachumhacht agus teaschaidéil ardleibhéil, agus tá sé i measc na gceannairí domhanda i ndáil le bithghás agus bithmheatán. Tá seasamh maith aige freisin maidir le breoslaí nuálacha le haghaidh iompar eitlíochta agus muirí, cé go bhfuil an táirgeadh fós beag agus costasach. In 2024, tháinig laghdú 11 % go EUR 35 bhilliún ar luach foriomlán táirgthe teicneolaíochta glaine an Aontais i leith sé phríomhtheicneolaíocht fuinnimh ghlain, agus níor tháinig fás láidir ach ar an bhfuinneamh gaoithe agus ar an hidreachumhacht[40].

3. Treochtaí taighde agus nuálaíochta

Tá an tAontas fós ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le hinfheistíocht phoiblí T&N i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, agus slógadh níos mó ná EUR 10,5 billiún in 2023. Mar sin féin, tá T&N príobháideach – atá chun tosaigh ar fud an domhain – i bhfad níos láidre i mórgheilleagair na hÁise (0,37 %-0,64 % OTI) ná mar atá san Aontas (0,17 % OTI) agus sna Stáit Aontaithe (0,08 OTI)[41], rud a fhágann an tAontas faoi mhíbhuntáiste. Tá seasamh maith fós ag an Aontas maidir le comhduithe paitinne ardluacha i leith foinsí in-athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh. I bhfianaise na dtreochtaí paitinnithe sin, tá seasamh maith ag an Aontas maidir le teicneolaíochtaí amhail fuinneamh gaoithe, hidrigin, eangacha cliste agus fuinneamh aigéin, ach tá sé chun deiridh ar thíortha amhail na Stáit Aontaithe agus an tSín maidir le teicneolaíochtaí i leith ceallraí, fótavoltach gréine, fuinneamh geoiteirmeach agus teicneolaíochtaí digiteacha[42]. Le linn 2024, leanadh den laghdú ar infheistíochtaí caipitil fiontair domhanda i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a bhí ann in 2023. Tháinig laghdú faoina leath ar infheistíocht caipitil fiontair an Aontais sa teicneolaíocht ghlan in 2024. Mar sin féin, tháinig méadú go beagnach aon chúigiú ar sciar domhanda na hEorpa le blianta beaga anuas. Murab ionann agus na Stáit Aontaithe agus an tSín, a thairbhíonn de líon mór comhaontuithe meánmhéide, braitheann feidhmíocht an Aontais ar líon beag idirbheart an-mhór[43].

I measc na dtionscnamh a rinneadh le déanaí maidir le fuinneamh núicléach, tá bunú na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Mion-imoibreoirí Modúlacha agus ullmhúcháin do Straitéis Eorpach um Fhuinneamh Comhleá. Ina theannta sin, leis an athchóiriú ar Phlean SET, neartófar an comhordú leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara taighde agus leis earnáil tionsclaíochta. Ag féachaint chun cinn, cuirfear tacaíocht leanúnach, ó thaighde go cur in úsáid, ar fáil leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas atá beartaithe agus Fís Eorpach araon, agus meastar go slógfar EUR 250 billiún le clár TechEU BEI faoi 2027, lena n-áirítear trí thacaíocht ón Aontas. I dteannta a chéile, is é is aidhm do na hionstraimí sin cumas na hEorpa a neartú chun an nuálaíocht a mhéadú, slabhraí soláthair

[40] Anailís JRC bunaithe ar shonraí PRODCOM le haghaidh teicneolaíochtaí roghnaithe (ceallraí litiam-ian, modúil fhótavoltacha gréine, grianfhuinneamh teirmeach, teaschaidéil, hidreachumhacht, fuinneamh gaoithe) le haghaidh tuarascálacha 2025 na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain (le teacht).

41 An Fhaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain, *Overall Strategic Analysis of Clean Energy Technology in the EU: 2024 Status Report* [Anailís Straitéiseach Foriomlán ar Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain san Aontas Eorpach: Tuarascáil Stádais 2024], 2025.

[42] An Fhaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain, *Overall Strategic Analysis of Clean Energy Technology in the EU: 2024 Status Report* [Anailís Straitéiseach Foriomlán ar Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain san Aontas Eorpach: Tuarascáil Stádais 2024], 2025.

[43] Anailís JRC le haghaidh tuarascálacha 2025 na Faireachlainne um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain (le teacht).

a dhaingniú agus iomaíochas a choinneáil sa rás domhanda maidir leis an bhfuinneamh glan .